


Tuarascáil Bhliantúil 2006



Office of the Director
of Corporate Enforcement

*Oifig an Stiúirthóra um
Ehorfheidhmiú Corparáideach*

Le haghaidh eolas eile:

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach,

16 Cearnóg Pharnell,
Baile Átha Cliath 1.

Guthán: 01 858 5800
Glaó-Áitiúil: 1890 315 015
Facs: 01 858 5801
Ríomhphost: info@odce.ie
Suíomh Gréasáin: www.odce.ie

© Rialtas ns hÉireann, 2007
ISBN 9-9999-9999-9
Baile Átha Cliath:
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR.

Le ceannach díreach on
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID MOLESWORTH, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH.
(Tel:01-647 6834/35/36/37; Fax: 01-01-672 5449)
nó trí aon díoltóir leabhar.

Praghas: €10.00



Foilsithe ar ábhar athchúrsáiláithe

Ábhair

Brollach ón Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	3
Réamhrá	5
Aidhm 1 – Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh	6
Aidhm 2 – Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta a Nochtadh	12
Aidhm 3 – Sáruihte Braite d'Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh	17
Aidhm 4 – Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha	26
Aidhm 5 – Seirbhís den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha	33
Conclúid	37
Aguisíní	39


Cóipcheart agus Ráiteas Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach an cóipcheart i leith ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméid seo a atáirgeadh gan bhreis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinsé.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar fhaisnéis de, nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar chomhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht nó le dliteanas dá laghad ag éirí as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádan an Stiúrthóir an ceart gníomh a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2007

FocalFactory a d'aistrigh an Tuarascáil Bhliantúil seo go Gaeilge.



Office of the Director
of Corporate Enforcement

*Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach*

Brollach



De bhun alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na hOifige do 2006 a chur i láthair Mhícheál Martin T.D., an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Ar bhuaicphointí na bliana 2006 don OSFC de réir gníomhaíocht phríomha bhí:

Géilliúntas

- cur chun cinn Dréacht-Treorach faoi Rialúchán Cuideachtaí Bainistíochta Maoin Sealbhais le haghaidh comhchomhairliúcháin poiblí;
- foilseachán Treorach faoi Choistí Iniúchta agus tabhairt chun críche na Treorach aithbhreithnithe faoi dhualgas iniúchóirí tuairisciú don OSFC;
- Straitéis Cumarsáide nua an OSFC nach mór curtha i gcrích;

Brath

- dúnadh 1,000 cás inar measadh mí-iompar corparáidigh a bheith i gceist, a bhformhór díobh sin ar bhonn riaracháin;
- aisíoc níos mó ná €160 milliún dá gcuideachtaí ag stiúrthóirí agus ag daoine bainteacha agus 86 chás mhóra a bhain le €48 milliún a cuireadh faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim de bharr imní faoi dhliteanas cánach a measadh bheith i gceist;

Forfheidhmiú

- ciontú 48 gcuideachta, stiúrthóirí agus daoine eile mar gheall ar shárú oibleagáidí i leith dlí cuideachta (49 gciontú i 2005). Ina iomláine cinneadh 103 chúiseamh i 27 gcuideachta, toradh atá cosúil le toradh na bliana seo caite .i. 112 chúiseamh i 19 gcás;

- cúisíodh dhá chion nua go rathúil den chéad uair:
 - bhain ceann acu le stiúrthóir ar dícháilíodh é chun bheith ag gníomhú amhlaidh de bhrí gur chinn air a dhícháiliú leanúnach sa Ríocht Aontaithe (RA) a nochtadh d'Oifig Chláraitheoir na gCuideachtaí tráth ar ceapadh é ina stiúrthóir ar dhá chuideachta anseo;
 - bhain an dara ceann le húsáid ráiteas airgid ag stiúrthóir a ndearna uirill bhréagacha do bhanc na cuideachta go raibh siad iniúchta;
- dícháiliú 14 dhuine agus srianadh beirt stiúrthóirí (21 cás dícháilithe agus gan aon chás srianta i 2005).
- Bhí dícháiliú amháin bunaithe ar chinntí diúltacha i dTuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte maidir le hAnsbacher; tionscnamh imeachtaí dícháilithe, i ndiaidh fhiosrúchán fada an OSFC, i gcoinne beirt stiúrthóirí cuideachta a ndearna cáineadh orthu ag an mBinse Fiosrúcháin i leith Cúrsaí Pleanála agus Íocaíochtaí Áirithe.

Dócmhainneacht

- aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíocht den chineál dá nglaoitear ghníomhaíocht athbheochana. Lainseáladh imeachtaí dícháilithe i gcoinne naonúr breise sa réimse sin;
- srianadh ag an Ard-Chúirt ar 100 stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha. Tharla sin i ndiaidh iarratas leachtaitheora a rinneadh le haontú an OSFC;

Seirbhísí Custaiméara

- tháinig 244,000 cuairteoir go dtí suíomh idirlín an OSFC i 2006, ardú de 36% ar 2005.

Ba é €3.355 milliún caiteachas na hOifige .i. méadú de 16% ar an €2.899 milliún arbh é toradh na bliana 2005 é; bhain an chuid is mó de sin le costais ardaithe dlí agus ghairmiúla.

Is éard is cúis leis na dea-thorthaí sin go príomha tiomantas agus obair chrua na foirne a chuidigh go mór leis an bhfeabhas i gcaighdeán na timpeallachta le haghaidh frontair le cúig bliana anuas.

Chuidigh daoine eile freisin ar feadh an achair. Chuidigh iniúchóirí, leachtaitheoirí agus a gcuid chomhlachtaí gairmiúla ar bhonn leanúnach trína ndualgais tuairisce reachtúla i leith na hOifige a chomhlíonadh. Tá an Stát, fiontar sóisialta agus eacnamaíoch agus an pobal trí chéile ag éirí níos feasaí faoinár gcuid oibre agus tá sin ag cuidiú leis an teachtaireacht maidir le géilliúntas agus forfheidhmithe a leathnú amach go dtí toghlach níos leithne.

Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt don Oireachtas, don Rialtas, do na Cúirteanna agus do na hAirí maille lena gcuid foirne sa Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta a thug tacaíocht dúinn i leith an tsainchúraim agus na hoibre leanúnaí atá idir lámha againn. Ba mhaith liom go háirithe mo bhuíochas a ghabháil leis an Roinn as an gcinneadh a rinne sí le deireanas ochtar ball foirne de bhreis a shannadh don Oifig mar fhreagairt ar an iarratas a chuireamar isteach ar 20 ball foirne breise san iomlán.

Tá fonn orainn níos mó a dhéanamh amach anseo chun an caighdeán géilliúntas dlí i leith Achtanna na gCuideachtaí a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail ina iomláine.

Paul Appleby

Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach

30 Márta 2007

Réamhrá

Sainíonn Ráiteas Straitéise láithreach an Stiúrthóra um Fhorfheidmiú Corparáideach a bhfuil liostáilte anseo thíos mar aidhmeanna príomha an OSFC agus mar fo-aidhmeanna atá gaolta leo:

Aidhm 1: Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh

- Fo-Aidhm 1.1: Eolas Áisiúil ar Dhlí Cuideachta a Fhoilsiú
- Fo-Aidhm 1.2: Géilliúntas a chur chun cinn
- Fo-Aidhm 1.3: Dlí Cuideachta agus Cleachtais Chorparáideacha a Bhaineann leis a Fheabhsú

Aidhm 2: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta a Nochtadh

- Fo-Aidhm 2.1: Socruithe Braite agus Tuariscithe a chur chun cinn le haghaidh Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta
- Fo-Aidhm 2.2: Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Achtanna na gCuideachtaí a Aithint
- Fo-aidhm 2.3: Fiosrúcháin Foirmeálta Chuideachta a Thacú/Choimisiúnú

Aidhm 3 - Sárúithe Braite d'Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh

- Fo-aidhm 3.1: Polasaí Forfheidhmithe Cothrom a chur chun cinn
- Fo-aidhm 3.2: Seasamh le Ceanglais Nochta Achtanna na gCuideachtaí
- Fo-aidhm 3.3: Pionós a Ghearradh ar Pháirtithe nach dtugann Aird ar Leasanna Cuideachta nó ar Leasanna nach iad
- Fo-aidhm 3.4: Caingean dlí a thionscnamh i gcoinne Páirtithe a Dhiúltaíonn Freagracht faoin Dlí

Aidhm 4 - Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha

- Fo-aidhm 4.1: Maoirsiú a Dhéanamh ar Leachtaitheoirí agus iad ag Comhall a nDualgas Cuí
- Fo-aidhm 4.2: Measúnú ar Iompar Stiúrthóirí i gCúinsí Leachtaithe Dhócmhainnigh
- Fo-aidhm 4.3: Pionós a Ghearradh i leith Iompar Calaoiseach nó Maslach

Aidhm 5: Seirbhís den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

- Fo-aidhm 5.1: Acmhainní OSFC a Dhaingniú agus a Bhainistiú
- Fo-aidhm 5.2: Foireann a Chur chun Cinn
- Fo-aidhm 5.3: Seirbhísí Custaiméara den Scoth a Chur chun Cinn agus Caoi a Choinneáil Orthu

Déanann an Tuarascáil seo athbhreithniú ar an dul chun cinn i 2006 trí thagairt a dhéanamh do gach ceann de na haidhmeanna agus de na fo-aidhmeanna sin.

Aidhm 1: Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh

Réamhrá

Sa bhliain 2006 lean an OSFC lena cuid oibre ag cur feabhas ar na caighdeáin ghéilliúntais i leith Achtanna na gCuideachtaí agus i leith na gceanglas rialtais chorparáidigh go ginearálta. Ag eascairt as torthaí ar thaighde margaidh arna choimisiúnú i 2005, thosaigh an Oifig ag díriú níos mó ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ar earnálacha leithleacha de pháirtithe leasmhara cuideachta, le linn di bheith ag cur eolas fóinteach maidir le dlí cuideachta ar fáil do pháirtithe leasmhara go ginearálta.

Fo-aidhm 1.1: Eolas Áisiúil ar Dhlí Cuideachta a Fhoilsiú

D'fhoilsigh an OSFC ocht ndoiciméad agus tuarascáil faoi leith i 2006, lena n-áirítear an tAthbhreithniú Eatramhach ar Ghníomhaíocht le haghaidh 2005 i mí Eanáir agus an Tuarascáil Bhliantúil i mí Bhealtaine. Tá sonraí faoi na Páipéir Chomhairliúcháin, na Fógraí Cinnidh agus na Fógraí Eolais in **Aguisín 1.1.1**.

Páipéir Chomhairliúcháin agus Fógraí Cinnidh

Eisíodh dhá Pháipéir Chomhairliúcháin thábhachtacha.

Coistí Iniúchta

Mhínigh an chéad cheann díobh sin go mion Alt 42 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasáíocht) 2003 ina bhforáiltear do Choistí Iniúchta den chéad uair i ndlí cuideachta na hÉireann. Nuair a chuirtear tús feidhme leis, beidh feidhm ag Alt 42 i leith cuideachtaí teoranta poiblí áirithe agus i leith cuideachtaí móra príobháideacha¹. Poiblíodh an doiciméad agus cuireadh ar fáil é ar shuíomh idirlín OSFC agus cuireadh i gcúrsaíocht é freisin i measc páirtithe leasmhara in éindí le cuireadh dóibh a dtuairimí a thabhairt faoin ábhar agus faoi mhodh a fheidhmithe. Fuarthas 18 n-aighneachtaí faoi leith ina iomláine; bhí smaointe úsáideacha agus luachmhara iontu sin maidir le cén chaoi a bhféadfaí an Dréacht-Treoir a fheabhsú. Tar éis na haighneachtaí sin a chur san áireamh, cuireadh an cruth deiridh ar an Treoir agus foilsíodh i Samhain 2006² í.

Agus é ag eisiúint an leagan deireanach den Treoir, scríobh an Stiúrthóir chuig Michael Ahern, T.D., an tAire Tionscail agus Trádála freisin, le roinnt moltaí maidir le tosach feidhme Alt 42. Cuireadh san áireamh sna moltaí sin Airteagal 41 de Threoir 2006/43/CE an 17 Bealtaine 2006 ina n-éilítear go nglacfar le forálacha coiste iniúchta in Éirinn faoi cheann 29 Meitheamh 2008. Seo a leanas moltaí an Stiúrthóra:

- *na tairseacha maidir le láimhdeachas cáilúcháin agus le clár comhardaithe:* Go gcuirfeadh tús feidhme leis an Alt gan athrú ar na tairseacha atá ann;
- *na cuideachtaí a ndéanann an fhoráil difear dóibh:* Go dtugtar díolúine láithreach:
 - do gach cuideachta teoranta poiblí atá cláraithe in Éirinn ar gnóthas tánaisteach faoi úinéireacht iomlán í de chuideachta teoranta phoiblí atá cláraithe lasmuigh den Stát agus a bhfuil coiste iniúchta aici atá comhdhéanta go cuí agus
 - do gach cuideachta teoranta phoiblí neamhliostáilte nach bhfuil ag teacht leis na tairseacha sonraithe maidir le hiomlán cláir chomhardaithe agus le láimhdeachas de réir Alt 205B(1);
- *comhdhéanann agus oibríocht choistí iniúchta agus cáilúcháin a gcuid chomhaltai:* go gcuirfeadh tús feidhme leis an Alt tar éis trasú na gceanglas a leanas ó Airteagal 41 den Treoir:
 - an ceanglas go mbeidh inniúlacht maidir le cuntasáíocht agus/nó le hiniúcháireacht ag a a laghad comhalta amháin den choiste iniúchta, agus
 - an ceanglas go ndéanfaidh an coiste iniúchta monatóireacht ar éifeachtúlacht rialú inmheánach, iniúchadh inmheánach más infheidhme agus córais bhainistíochta baoil na cuideachta;
- *dáta agus foirm thús feidhme Alt 205B:* Go gcuirfeadh tús feidhme leis an Alt le haghaidh na tréimhsí tuairisce Airgeadais uile ag tosú ar nó i ndiaidh 1 Aibreán 2007 tar éis cheanglais ghaolmhara na Treorach a thrasú freisin.

1 Páipéir Chomhairliúcháin C/2006/1 – Dréacht-Treoir OSFC faoi Choistí Iniúchta (Aibreán 2006).

2 Fógra Eolais D/2006/1: Treoir OSFC faoi Choistí Iniúchta (Samhain 2006).



Fógra Cinnidh D/2006/1 arna eisiúint in mí na Samhna 2006

Ag deireadh na bliana bhí an tAire ag breithniú na moltaí a leanas³. Beidh fonn freisin ar an Aire i gcomhchomhairle leis an Rialtóir Airgeadais agus leis na Coimisinéirí Ioncaim (más cuí), a bhreithniú más ceart aicmí breise cuideachtaí nó gnóthas seirbhísí airgeadais rialaithe de réir bhrí Airteagal 41(6) den Threoir a bheith díolmhaithe.

Cuideachtaí Bainistíocht Mhaoin Sealbhais

Bhí Dréacht-Treoir faoi Rialachas Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí Árasáin (CBUA) folaithe leis an dara Páipéar Comhairliúcháin OSFC arna eisiúint i 2006⁴. Is mar fhreagairt ar cheisteanna agus ar thuairiscí a fuair an Oifig maidir leis an ábhar agus a raibh a líon ag dul i méid i gcónaí a ullmhaíodh an Treoir seo. Ba léir easpa eolais maidir le ceanglais dlí cuideachta ag stiúrthóirí agus ag comhaltaí dá leithéidí de chuideachtaí (.i. úinéirí árasáin). Iarracht a bhí sa Pháipéar Comhairliúcháin agus sa Dréacht-Treoir eolas maidir le sárchleachtas rialachais a sholáthar dóibh siúd a bhí bainteach le cuideachtaí bainistíochta d'fhonn feidhmíocht chuideachta a fheabhsú in imeacht ama. Tharraing an Páipéar Comhairliúcháin aird shuntasach ó na meáin tráth ar lainseáladh é i mí na Nollag 2007, agus tar éis na tuairimí a tháinig isteach a chur san áireamh, bheartaigh an Oifig Treoir leagan deireanach den Treoir a fhoilsiú níos deireanaí i 2007.



Páipéar Comhairliúcháin faoi Chuideachtaí Bainistíochta Úinéirí Árasáin, arna eisiúint le haghaidh tuairimí i mí na Nollag 2006

Iníúcháir ag Tuairiscíú don OSFC

I mí na Nollag freisin chuir an Oifig deireadh leis an obair leasúcháin ar an Treoir d'iniúcháirí maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe i leith na hOifige. Ullmhaíodh an Treoir nua⁵ chun athbhreithnithe áirithe ar an dlí in Alt 37 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht), 2003 agus in Alt 73 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 a chur san áireamh. Thug an Treoir roinnt ábhar eile chun dáta freisin lena n-áirítear athruithe deireanacha ar chaighdeáin iniúchta agus chuntasaíochta, agus ar mhaithe le páirtithe leasmhara, rinne sé tagairt don sceideal is deireanaí maidir le cionta indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí, a bhfuil cóip de ar shuíomh idirlíne an OSFC, ag www.odce.ie/ga/media_decision_notices.aspx. Dréachtadh an Treoir i gcomhar le Coiste Comhchomhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta - Éire agus ghlac an Bord um Chleachtais Iniúcháireachta⁶ í sular foilsíodh í. Ag deireadh na bliana bhí iarratas a rinne an Stiúrthóir go gcuirfí tús feidhme le Alt 37 go luath i 2007 á bhreithniú ag Michael Ahern, T.D., an tAire Tionscail agus Trádála.

3 Tá cóip d'aighneacht an Stiúrthóra chuig an Aire ar fáil ag www.odce.ie/ga/media_decision_notices.aspx in éindí leis an Treoir faoi Choistí Iniúchta.

4 Páipéar Comhairliúcháin C/2006/2 - Dréacht-Treoir OSFC faoi Rialachas Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí Árasáin (Nollaig 2006)

5 Fógra Cinnidh D/2006/2 - Treoir Athbhreithnithe faoi Dhualgas Iniúcháirí Cásanna Amhraí i leith Cion Indíotáilte a Thuairiscíú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (Nollaig 2006).

6 Tá an Bileog Nuachta ón mBord um Chleachtais Iniúcháireachta ina bhfuil an Treoir sin á heisiúint d'iniúcháirí aonair.



Fógra Cinnidh D/2006/2 arna eisiúint i mí na Nollag 2006

Fógraí Eolais

D'eisigh an OSFC dhá Fhógra Eolais i 2006. Sa chéad cheann díobh sin liostáladh na cuideachtaí faoi leachtú dócmhainneach agus na leachtaitheoirí tuairiscithe ar shonraigh an Oifig gur bhain an ceangal maidir le "Tuarascáil faoi Alt 56" leo i 2005⁷. Is í aidhm an Fhógra sin é a chur ar chumas páirtithe leasmhara ábhair inní maidir le gach cuideachta dócmhainneach faoi leith arna ainmniú, a chur ar a shúile don leachtaitheoir lena mbaineann agus don OSFC.

Rinneadh achoimre sa dara fógra eolais de chuid na hOifige ar na gnéithe dlí cuideachta den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006⁸. Is codanna d'Achtanna na gCuideachtaí cuid 2 agus cuid 3 den Acht. Déileáilann Cuid 2 le leasúcháin éagsúla ar Achtanna na gCuideachtaí; d'ardaigh ceann amháin díobh sin na tairisí maidir le clár comhardaithe agus le láimhdeachas faoinar féidir le cuideachtaí cáiliú le haghaidh díolúine ó iniúchadh. Tugann Cuid 3 éifeacht don Treoir Thrédhearcachta (2004/109/CE) ón AE a bhaineann le comhchuihbhiú na gceanglas nochta i dtaca le heisitheoirí a dtugtar iontráil ar an margadh rialaithe dá gcuid úrrúis.

Suíomh Idirlín a chur chun cinn

Cuireadh na doiciméid sin uile ar fáil ar shuíomh idirlín an OSFC, maille le naisc chuig na forálacha ábhartha reachtaíochta agus chuig ailt agus láithreorachtaí de chuid an OSFC.

Fo-aidhm 1.2: Géilliúntas a chur chun cinn

Obair Aighneachta

Mar a cuireadh in iúl thuas, chuir obair ghéilliúntais an OSFC i 2006 béim níos mó ar earnáil GBM a chur ar an eolas maidir le ceanglais dlí cuideachta. Ba é an modh príomha ag an Oifig chun an aidhm sin a bhaint amach dul i

bpáirtíocht le heintitis ghnó agus le comhlachais ionadaíochta gairmiúla.

Mar shampla chuir an Oifig seastáin eolais ina shuí ag cruinnithe de Chumainn Lucht Tráchtála agus ag imeachtaí eile i rith na bliana, agus chuir ag an gCraobhchomórtas Náisiúnta Treafa sa Tulach i gContae Cheatharlach freisin. Thapaigh go leor díobh sin a bhí i láthair an deis chun ceisteanna faoi ghnéithe de dhlí cuideachta a chur ar fhoireann an OSFC agus chun cóipeanna a fháil de Leabhair Eolais na hOifige agus d'ábhar eile lena mbaineann.

Rinne foireann an OSFC roinnt láithreoireachtaí "Scrúdú Sláinte Corparáidí" os comhair Boird Fiontair Chontae agus Boird Fiontair Chathrach agus dá gcliantacht ghnó. Glacadh go fonnmhar leis an gcur i láthair áirithe sin a bhuíochas a áisiúlacht don lucht neamhghairmiúil.

Tríd is tríd rinneadh foireann an OSFC 38 láithreoireachtaí do níos mó ná 2,700 duine i 2006. Tá sonraí faoi na láithreoireachtaí sin in **Aguisín 1.2.1**.



Kevin Prendergast, Bainisteoir Géilliúntais Chorporáidigh ag cur i láthair "Scrúdú Sláinte Corparáidí" os comhair Bhord Fiontair Contae Cheatharlach, Nollaig 2006.

Fiosruithe ón bPobal

Mar fhreagairt ar fhiosruithe ón bpobal, dháil an OSFC níos mó ná 15,000 cóip d'fhoilseacháin éagsúla dá cuid i 2006 chun tuiscint daoine ar chúrsaí rialúcháin chorparáidigh a fheabhsú. Méadú substainteach é sin ar an 12,000 foilseachán a eisíodh i 2005. Dhéileáil an Oifig freisin le méid mór de cheisteanna aonair a bhain le sainghnéithe dlí cuideachta a leithéid cuideachtaí bainistíocht mhaoin sealbhais agus cearta agus oibleagáidí stiúirthóirí cuideachta.

Cé nach níos é ag an OSFC comhairle dlí a dháileadh ar bhonn cás aonair, cuireann sí cliant dá cuid go díreach i dtreo an eolais ábhartha, lena n-áirítear Leabhair Eolais na hOifige maille leis an reachtaíocht ábhartha má oireann an

7 I/2006/1 - Tuarascálacha faoi Alt 56. De réir Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí tá dé de cheangal ar leachtaitheoir cuideachta dócmhainní tuairisc a chur chuig an OSFC faoi staid na cuideachta agus iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt chun srianadh a chur ar na stiúirthóirí uile mura scaoileann an OSFC ón oibleagáid sin é.

8 I/2006/2 - An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006.

cás. Má bhíonn saincheisteanna sonracha ag daoine a ghlaonn isteach nó má bhíonn siad ag smaoineamh ar chaignean cúirte nó ar ghníomh eile, tugann an Oifig comhairle dóibh comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil ar dtús.

Preasráitis, Faisnéisithe, agus Ceisteanna

Scaoil an Stiúrthóir ocht gcinn de ráiteas go dtí an preas i 2006; tá na sonraí in **Aguisín 1.2.2**. Phoibligh siadsan ábhar treorach nua an OSFC, thug suntas do chinntí Cúirte arbh fhiú a thabhairt faoi deara agus phléigh an dul chun cinn maidir le hobair na hOifige i leith géilliúntas agus forfheidhmithe. Scríobh foireann na hOifige i gcúig cinn d'forlionsaí faoi cheisteanna rialachais chorparáidigh i bhfoilseacháin éagsúla gnó i rith na bliana. Ina theannta sin, ghlac an Stiúrthóir páirt in agallaimh sna meáin agus chuir ábhar fhoilseacháin an OSFC chun cinn. Dhéileáil siad freisin i rith na bliana le 100 nó mar sin d'fhiosruithe ón bpreas faoi ghnéithe éagsúla de ghníomhaíochtaí na hOifige.

Straitéis Chumarsáide OSFC le haghaidh 2007/2008

Go deireanach i 2006 d'earcaigh an OSFC sainchomhairleoir faoi na meáin chun comhairle a sholáthar maidir le cén chaoi feabhas a chur ar thionchar ghníomhaíocht aighneachta na hOifige. Bhíothas ag breithniú Dréachtstraitéis Chumarsáide le haghaidh 2007 agus 2008 ag deireadh na bliana.

Fo-aidhm 1.3: Dlí Cuideachta agus Cleachtais Chorparáideacha a Bhaineann leis a Fheabhsú

Aighneachtaí Polasaí

Le spreagadh ón Roinn, d'ullmhaigh an OSFC agus chuir isteach cosaint mhionsonraithe le haghaidh cúig cinn d'athruithe tábhachtacha ar dhlí cuideachta d'fhonn iad a mheas i gcomhthéacs an Bhille um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006 arna phleanáil. Bhí sé de rún ag moltaí hOifige a leanas go dtabharfadh siad aghaidh ar na heaspaí maidir le fiosrúchán nó le forfheidhmiú nó go laghdódh siad costais rialaitheacha, viz:

- ceanglas go ngéillfidh cuideachta atá ag éileamh díolúine ó iniúchadh d'iaratas OSFC dóthain eolais a chur ar fáil lena dheimhniú go raibh an díolúine éilithe mar is cúig;
- áis a cheadódh don OSFC an iliomad daoine a ionchúiseamh laistigh den tsraith imeachtaí achomaire chéanna nuair a bheadh na fíricí céanna infheidhme. Faoi láthair i gcásanna áirithe, ní mór d'imeachtaí bheith curtha ar siúl faoi dhó i limistéir Chúirt Dúiche éagsúla agus am agus costas dá réir a chaitheamh ar gach ceann acu;

- soiléiriú ar an dlí maidir le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí, a bhforálfadh go bhféadfaí an mórualach fianaise a theastaíonn chun cás a thionscnamh i leith an chiona (m.sh. mainneachtain toiliúil) a shásamh le fianaise gur cuireadh an stiúrthóir ar an eolas cheana féin maidir leis na forálacha ábhartha dlí.
- tabhairt isteach nósanna imeachta 'toiliú' le haghaidh dícháilithe agus srianta mar aitheantas air go mbíonn go leor dá leithéidí de chásanna Cúirte gan conspóid. Bheadh a mhacasamhail de stádas ag na nósanna imeachta toilithe sin agus atá ag na horduithe Cúirte atá ann faoi láthair agus spárálfadh siad dá bhrí sin na costais dlí a bhaineann le himeachtaí Cúirte. I gcásanna ábhartha, rachadh sin chun tairbhe an leachtaithe agus chuirfeadh níos mó airgeadú ar fáil lena dháileadh ar chreidiúnaithe na cuideachta.
- leasú ar an dlí maidir le haisghabháil chostais dlíthiúla in imeachtaí dícháilithe nó srianta sa chaoi go gceadódh sé ní hamháin aishghabháil chostais dhlíthiúla na n-imeachtaí ach ina theannta sin aishghabháil chostais an fhiosrúcháin lena mbaineann ón duine dícháilithe nó srianta. Bhí sé de rún aige sin an dlí a chur in oiriúint d'intinn tionscnaimh an Oireachtais le haghaidh na forála sin.

Tar éis na moltaí a fháil agus tar éis dul i mbun plé déthaobhach ina dhiaidh sin leis an OSFC, chuir an Roinn ar aghaidh iad go dtí an Grúpa Athbheithnithe Dlí Cuideachta (GADC). Sa deireadh thiar níor cuireadh isteach san Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006 ach an moladh deireanach maidir le haisghabháil chostais, i ndiaidh don Roinn glacadh le dearcadh an GADC gurbh fhiú níos mó machnamh a dhéanamh ar an moltaí eile. Tá an Stiúrthóir diomúch nach bhfuil níos mó de na moltaí tábhachtacha sin achtaithe anois. Tá rún daingean aige áfach obair a dhéanamh i gcomhar leis an GADC ar an meastachán breise a bheifear ag déanamh i rith na bliana atá romhainn amach.

Tá roinnt aighneachtaí polasaí eile maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí cuideachta curtha ag an OSFC chuig eagrais éagsúla Stáit. Orthu sin bhí aighneachtaí a cuireadh chuig:

- an bhFóram um Rialúchán Gnó i ndáil le trédhearcacht agus rialúchán margaidh a fheabhsú. Rinneadh an OSFC tagairt don tionchar dearfach a bhí ar an margadh gnó ag an ngéilliúntas agus ag an bhforfheidhmiú feabhsaithe i leith forálacha dlí cuideachta. Mhol an Oifig go nglacfadh an Fóram roinnt bearta chun trédhearcacht mhargaidh ó thaobh eolas corparáideach a fheabhsú agus a dhéanamh níos éasca do pháirtithe leasmhara cuideachta, a bhí faoi mhíbhuntáiste de dheasca mainneachtain dualgas dlíthiúla a chomhlíonadh, teacht ar leighis dlíthiúla. Bhí obair an Fhórait fós ar lean ag deireadh na bliana;

- an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta maidir le moltaí Fhóram na nGnóthaí Beaga na tairsí láimhdeachais agus cláir chomhardaithe le haghaidh díolúine ó iniúchadh a ardú go dtí na leibhéal atá ceadaithe faoi dhlí an AE. Bhain siadsan le hardú ionchasach sna figiúirí láimhdeachais agus cláir chomhardaithe ó €1.5 milliún go €7.3 million agus ó €1.905 milliún go €3.65 milliún faoi seach.⁹ Cé nach raibh deacracht ar bith ag an OSFC le hardú sna tairsí, mhol an oifig faichill ar fhorais éagsúla i ndáil le méid an ardaíthe a bhí molta. Orthu siúd bhí ról tábhachtach an iniúchta chun ardchaighdeán a choimeád sa rialachas corparáideach agus an titim siar a bheadh i dtrédhearcacht an mhargaidh de bharr méid mór na gcuideachtaí Éireannacha a bheadh ag baint áise as díolúine ó iniúchadh ag na leibhéal atá léirithe. Chinn Michael Ahern, T.D., an tAire Tionscail agus Trádála ina dhiaidh sin na tairsí a ardú go dtí uasmhéid an AE faoi réir coinníollacha cáiliúcháin áirithe ar mhaithe le hualaí gnó a laghdú.
- an Grúpa um Ghéilliúntas i leith Cearta Fostaíochta faoi fheiniméan na “gcuideachtaí athbheochana” agus na bearta dlí atá anois ann i ndlí cuideachta na hÉireann chun an cleachtas a chomhrac. Bhí tuairimí an OSFC faoi fheiniméan na gcuideachtaí athbheochana nocht ina iomláine mar aguisín lena Tuarascáil;
- Coimisiún na hEorpa maidir le tosaíochtaí pleanáilte chun rialachas corparáideach an AE a fheabhsú. Mhol an OSFC go dtabharfaí socruithe isteach maidir le comhroinnt eolais dlí i measc Bhallstáit an AE i réimse an dlí cuideachta agus thug taca do mholadh an Choimisiúin maidir le córas dícháilithe ar fud an AE;
- an Rialaitheoir Airgeadais mar fhreagairt ar Pháipéar Comhairliúcháin dá chuid faoi Fheilíúnacht agus Ionracas. Rinne an OSFC roinnt moltaí teicniúla maidir leis an gCeistneoir Pearsa Aonair arna bheartú le haghaidh stiúrthóirí ar eintitis sheirbhís airgeadais; glacadh le cuid díobh sin sna doiciméid deiridh arna n-eisiúint ag an Rialaitheoir Airgeadais;
- Údarás Mhaoirseacht Iniúcháireacht agus Cuntasaíocht na hÉireann (UMICE) i ndáil le cosaint a thabhairt don teideal ‘cuntasóir’. Mheas an OSFC tar éis gach rud a chur san áireamh nach raibh a dhóthain údair leis an teideal ‘cuntasóir’ a chosaint ag an am seo, agus chuir sí i gcoinne an nóisean nár chóir cead a thabhairt ach do chuntasóirí arna n-aithint amhlaidh seirbhísí cuntasaíochta a chur ar fáil de bhrí gur róshrian ar thrádáil agus ar iomaíocht a bheadh

ansin. Ghlac Michael Ahern, T.D., an tAire Tionscail agus Trádála ina dhiaidh sin le moladh UMICE gur chóir go mbeadh an téarma cosanta ó thaobh dlí.

Grúpa Athbheithnithe Dlí Cuideachta (GADC)

Tacaíonn an OSFC le forbairt cód simplithe agus nua-aimseartha dlí cuideachta a éascódh géilliúntas feabhsaithe i leith a cuid oibleagáidí san fhadtéarma. De dheasca sin chuidigh an OSFC i 2006 le tionscadal leanúnach GADC Dréachtbhille um Chuideachtaí Comhdhlúite a ullmhú. Chuir an Oifig cúnaimh substainteach teicniúil ar fáil d’fhonn Codanna ábhartha den Bhille a dhéileáil le cúrsaí forfheidhmithe agus dócmhainneachta a dhréachtú agus bhí baint aici go háirithe le cur chun cinn córas cionta simplithe. Cuireadh an dréachtbhille ar fáil ar bhonn neamhfhoirmeálta i mí na Nollag 2006¹⁰ agus foilseofar go foirmeálta é go luath i 2007.

Údarás Mhaoirseacht Iniúcháireacht agus Cuntasaíocht na hÉireann (UMICE)

Chuaigh UMICE i mbun oibríochtaí go foirmeálta i Mí Eanáir 2006. Mar chomhalta den Bhord chuidigh an Stiúrthóir le breithniúcháin an Údarais i rith na bliana. I mí na Bealtaine tháinig an tÚdarás agus an OSFC ar chomhaontú freisin faoi Mheamram Tuisceana maidir le comhroinnt eolais rúnda idir an dá údarás rialaitheacha mar a cheadaítear de réir dlí.

International Association of Insolvency Regulators (IAIR)

Bhí an OSFC ar cheann de thart ar 20 toscaireacht náisiúnta a ghlac páirt i gComhdháil Bhliantúil an IAIR i gCathair Mheicsiceo in Aibreán 2006¹¹. Fónann an Chomhdháil mar fhóram tábhachtach chun eolas agus taithí maidir le cúrsaí dócmhainneachta a bhíonn ar lean a chomhroinnt agus chun plé a dhéanamh ar thorthaí tionscadal taighde.

Thug an OSFC eolas chun dáta do na toscairí faoin dul chun cinn a bhí déanta maidir le géilliúntas i leith dlí cuideachta agus forfheidhmithe in Éirinn agus ina theannta sin rinne dhá láithreoireacht ag an gComhdháil i 2006. Léirigh toscairí spéis sna láithreoireachtaí a bhain leis na forálacha dlí Éireannacha:

- a chumasáinn orduithe dícháilithe san iasacht a bheith aitheanta in Éirinn agus

⁹ Cuireadh tús feidhme leis na forálacha sin le héifeacht ón dáta ar síneadh an tAcht ina dhlí i ndeireadh 2006 agus níor theastaigh Ionstraim Reachtúil ina dhiaidh sin.


¹⁰ Tá cóip de Scéim Ghinearálta Bille nua na gCuideachtaí ar fáil ag <http://www.clrg.org/>.

¹¹ Tá breis eolais faoi obair an IAIR ar fáil ag suíomh idirlín dá chuid ag www.insolvencyreg.org.

- ina bhforáiltear do chomhroinnt eolais rúnda idir comhlachtaí rialaitheacha, lena n-áirítear iadsan atá inchurtha le comhlachtaí i ndlínsí eile.

Cuairt ó Thoscaireacht Dócmhainneachta ón Laitvia

Ag eascairt ó phlé a rinneadh i dtús báire laistigh den IAIR, ba chúis áthais don Oifig bheith ina óstach le linn cuairt dhá lá a thug toiscaireacht thrí dhuine ó Riarachán Dócmhainneachta an Laitvia ar Éirinn i Samhain 2006. Le linn na cuairte chas an toiscaireacht le hoifigigh ón OSFC, ón tSeirbhís Chúirteanna, ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus ó Choiste Comhchomhairleach na gComhlachtaí Cuntasáochta - Éire chun tuiscint a fháil ar cén chaoi a n-oibríonn an córas leachtaithe agus an córas féimheachta sa Stát.



Litr admhála ó Riarachán Dócmhainneachta an Laitvia i ndiaidh a chuairt ar Éirinn i Samhain 2006

NSAI - ISO 26000 faoi Fhreagracht Sóisialta

Ghlac an OSFC le cuireadh ón Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) i 2006 le bheith páirteach sa 'Choiste Scatháin' logánta, coiste atá ag iniúchadh obair leanúnach idirnáisiúnta chun caighdeán idirnáisiúnta maidir le freagracht shóisialta chorpóraideach a chur chun cinn¹². Tá Coiste Scatháin ag gach dlínse le ballraíocht in Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán; sa Choiste tá páirtithe leasmhara ábhartha ón dhlínse. Cuireann gach Coiste

aiseolas ar fáil maidir leis an gCaighdeán arna mholadh de réir mar a ghluaiseann sé trí na céimeanna dréachta éagsúla. Tá an obair maidir le Caighdeán Idirnáisiúnta um Fhreagracht Shóisialta ag céim an-luath faoi láthair agus níltear ag súil leis go mbeidh an Caighdeán curtha i gcrích go dtí go deireanach i 2008 ar a luaithe.

Rannpháirteachas i Léirbhreithniú Lucht Aonghairme an ECFE maidir le Comhdháil um Breabaireacht

Mar pháirtí sa Chomhdháil um Chomhrac Breabaireacht na n-Oifigeach Poiblí Eachtrannacha in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta (1997), tá Éire faoi réir clár monatóireachta córasach géilliúntais i leith na Comhdhála ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE)¹³. Cé nach bhfuil aon ról príomha reachtúil ag an OSFC sa réimse seo, thug an Roinn Dlí agus Cirt Comhionannais agus Athchóirithe Dlí cuireadh don Oifig cuidiú le hathbhreithniú ECFE arna phleanáil le haghaidh Fómhair 2006 siocair an róil ghinearálta atá aici maidir le rialachas corparáideach. Chun tosaigh ar chuairt an ECFE go Baile Átha Cliath, d'ullmhaigh an Oifig freagairt fada do cheistneoir an ECFE maidir le saincheistanna cuntasóireachta agus iniúchóireachta agus le cé chomh maith is a éiríonn leis an Oifig na forálacha dlí cuideachta sin a chur i bhfeidhm.

Le linn chuairt Fhoireann Mheastacháin an ECFE faoi cheannaireacht mheastóirí ón Eastóin agus ón Nua-Shéalainn, ghlac ionadaí OSFC páirt i gceithre cinn de phainéil phlé arna gcomóradh chun cuidiú leis an bhfoireann ról agus cion na ngníomhaireachtaí ábhartha Éireannacha a thuiscint. Táthar ag súil leis go mbeidh tuarascáil meastacháin an ECFE faoi chur i bhfeidhm na Comhdhála ag Éirinn foilsithe i mí Mhárta 2007.

Cás CBCE faoi Aistriú Oifig Chláraithe Chuideachta

I rith na bliana 2006 chuidigh¹⁴ an Oifig le Breathnuithe Scríofa na hÉireann arna n-ullmhú ag Oifigí an Ard-Aighne agus an Ard-Atúrnae Stáit do Chúirt Bheithiúnais na gComhphobal Eorpach (CBCE) i gCás C-210/06 Cartesio Oktató és Szolgáltató Betéti Társaság. Beidh na himeachtaí Cartesio i bhfoirm cheisteanna arna gcur faoi bhráid an CBCE le haghaidh réamhéisteachta (de bhun Airteagal 234 de Chonradh an AE) ag cúirt san Ungáiris¹⁵. Go bunúsach ardaíonn na ceisteanna ar cúis imní iad don OSFC saincheistanna faoi an gceadaíonn nó cad iad na coinníollacha faoina gceadaíonn dlí an AE mar atá sé cuideachta arna hionchorprú agus arna foirmiú faoi dhlíthe Ballstát amháin den AE a hoifig chláraithe a aistriú go Ballstát eile. Tá súil leis go n-éistfidh an CBCE an cás i 2007.

¹² Tá breis eolais faoi ISO 26000 – Freagracht Sóisialta ar fáil ó <http://www.iso.org/sr>.

¹³ Tá eolas faoin gComhdháil ar fáil ó www.oecd.org.

¹⁴ I gcomhar leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Oifig um Chláruí Cuideachtaí agus na Coimisinéirí Ioncaim.

¹⁵ Tá sonraí iomlána faoin tagairt, arna bhfoilsíú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, léirítear ag http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/site/en/oj/2006/c_165/c_16520060715en00170018.pdf.

Conclúid

Bíonn ról suntasach i gcónaí, i dtaca lena gcearta agus a n-oibleagáidí i leith hAchtanna na gCuideachtaí a chur in iúl do páirtithe leasmhara, ag an obair a dhéanann an OSFC i gcur chun cinn an ghéilliúntais. Rinne an Oifig iarracht i 2006 a gníomhaíocht ó thaobh géilliúntais a leathnú agus tá sé de rún aici leanúint ag díriú ar réimsí inarb eol go bhfuil easnamh faoi láthair maidir le rialachas corparáideach. Tá feabhas tagtha ar chaighdeán le blianta beaga anuas agus beidh feabhas breise ag brath ní hamháin ar thionscnaimh ghéilliúntais ach ar chlár iontaofa fiosrúcháin agus forfheidhmithe leantach freisin. Léiríonn na codanna a leanas den Tuarascáil dul chun cinn an OSFC sna réimsí sin i 2006.



Cruinniú Toscaireacht Dócmhainneachta Laitviach Samhain 2006

Sa phictiúir: **Adrian Brennan** (ODCE); **Linda Sneiga-Svilane**, Insolvency Administration of Latvia, Vice Director for Finances; **Paul Appleby**, Stiúirhóir; **Dace Mihalska**, Insolvency Administration of Latvia, Director, Department of Strategic Planning and Regulatory Enactments Development; **Billy O’Riordan**, PWC, Insolvency Practitioner agus **Kevin Prendergast** (ODCE)

Aidhm 2 – Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta a Nochtadh

Réamhrá

Fónann calaois, neamhghéilliuntas agus gníomhaíocht mhídhleathach agus mhífhreagrach eile chun margaidh ghnó a shaoibh trí shochair mhífhearáilte agus neamhthuillte a thabhairt do roinnt cuideachtaí agus dá bpáirtithe leasmhara, sochair a théann chun dochair do roinnt eile. Níor chóir go ndéanfaí neamhaird d’oibleagáidí dlí de bhrí gurb shin an bealach is áisiúil chun costais a laghdú agus chun ionchais tráchtála cuideachta a fheabhsú nuair is minic a bhíonn na costais sin aistriú go dtí páirtithe leasmhara cuideachta eile agus go ndéanann siad dochar dá leasanna tráchtála agus dá n-inniúlacht bheith iomaíoch sa mhargadh.

Mar sin is éard a spreagann an OSFC ina hiarrachtaí sárúithe poitéinsiúla dlí cuideachta a nochtadh feabhas a chur ar iompar corparáideach agus iomaíocht féaráilte i láthair an mhargaidh a chothú.

Fo-Aidhm 2.1: Socruithe Braite agus Tuairiscithe a chur chun cinn le haghaidh Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta

Líon/Foinsí na gCásanna a bhfuil Amhras faoi Shárúithe

Ba iad tuarascálacha iniúchóra agus gearáin phoiblí na príomhfhoinsí eolais i gcónaí maidir le mí-iompar nochtá poitéinsiúil i 2006. Bhí athrú suntasach áfach ar líon na dtuairiscí a fuair an Oifig i mbliana ó thaobh cásanna a raibh amhras faoi mhí-iompar. Ba é ba chúis leis sin go príomha díolúine a tugadh d’iniúcháirí le gairid faoi nach raibh sé de cheangal orthu níos mó mainneachtainí¹⁶ maidir le tuairisceán bliantúil a thuairisciú; is ó na tuairiscí sin a tháinig thart ar 60% de na tuairiscí agus de na gearáin uile a rinneadh don OSFC. Ó tharla go mbaineann na mainneachtainí sin ó cheart le hobair na Oifige um Chlárú Cuideachtaí (OCC), ba í an toradh nádúrtha a bhí ar an díolúine go raibh laghdú substainteach ar na huimhreacha tríd is tríd i 2006. Is mar gheall air sin go bhfághtar as an áireamh na mainneachtainí maidir le tuairisceáin bliantúla nuair a dhéantar comparáid idir figiúirí 2005 agus 2006 le

¹⁶ Bhí an díolúine seo in alt 73(2)(d) den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005. Cuireadh tús feidhme le halt 73(2)(d) an 1 Meán Fómhair 2005. Míniúnn Fógra Eolais OSFC I/2005/3 éifeacht na forála.

haghaidh tuairiscí agus gearán sa chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil agus sna hAguisíní a bhaineann léi. Is fearr anois a thugann na figiúirí athbhreithnithe leo léiriú ionadaíoch ar líon na gcásanna a bhfuil sé de phoitéinseal acu bheith oiriúnach mar ábhar iniúchta ag an OSFC.

Fiú má fhágtar as an áireamh éifeacht na díolúine sin ar na huimhreacha, fós bhí laghdú tríd is tríd i 2006 ar na figiúirí maidir le tuairiscí agus gearáin isteach i gcomórtas le 2005. Laghdú de 26% i dtuairiscíú iniúchára ba chúis leis sin; ba fhritháireamh ar feadh méid áirithe an méadú de 21% ar líon na ngearán poiblí. Tá briseadh síos de réir foinshe ar na tuarascálacha léirithe in **Agusín 2.1.1**. Níl sé soiléir ag an bpointe seo an géilliúntas feabhsaithe is cúis leis an titim ar líon na dtuarascálacha iniúchára na bhfuil tosca eile i gceist.

Bíonn fonn ar an Oifig i gcónaí foinsí poitéinsiúla eolais eile a chur chun cinn in éindí le comhlachtaí rialaitheacha agus Stáit eile agus trína fiosrúcháin féin i dtaca le cásanna inar féidir sárúithe dlí cuideachta bheith i gceist. Ar obair braite an OSFC féin anuraidh áirítear fiosrúcháin spriocdhírthe i roinnt réimsí (m.sh., stiúrthóirí atá srianta ag gníomhú de shárú ar théarmaí an srianta agus stiúrthóirí dícháilithe, lena n-áirítear iadsan atá dícháilithe i ndlínsí eile ag gníomhú sa stát in éagmais chlárúcháin na ndícháilithe). Coinnimid freisin faoi léirmheas eolas atá sa réimse poiblí, a leithéid tuarascálacha sna meáin, doiciméid atá cláraithe in OCC agus socruithe cánach a rinneadh leis na Coimisinéirí Cánach a thugann leideanna maidir le mainneachtainí cuideachtaí taifid chuí a choinneáil san am atá caite.

Comhoibriú idir Údaráis Rialaitheacha

Chun macántacht na hoibre fiosrúcháin a chinntiú foráiltear sa dlí go mbeidh sé de cheangal ar an OSFC go ginearálta eolas a fhaigheann sí mar pháirt dá gcuid oibre a choinneáil faoi rún. Tá sé ceadaithe áfach eolas a roinnt lena comhghleacaithe de rialaitheoirí agus le páirtithe eile maidir le cúrsaí a bhaineann le gach ceann acu i leith a chéile. Mar shampla chuathas i dteagmháil leis an Rialaitheoir Airgeadais maidir le méid beag de chásanna sonracha i 2006.

Go háirithe rinneadh breis dul chun cinn ar an gcaidreamh comhoibrítheach idir an OSFC agus na Coimisinéirí Ioncaim i 2006. Mar a chadaítear de réir an Achta um Fhorfheidhmíú Dlí Cuideachtaí 2001 (“Acht na bliana 2001”) chuir oifigigh na Coimisinéirí Ioncaim eolas ar fáil don Oifig a bhain le cion a rinneadh faoi Achtanna na gCuideachtaí. Ba chuidiú sin leis an OSFC agus lena hobair fiosrúcháin agus forfheidhmíthe.

Ina theannta sin cuireann Acht na bliana 2001 ar chumas an OSFC eolas a roinnt leis na Coimisinéirí Ioncaim a d'fhéadfadh bheith luachmhar dóibh ina gcuid oibre. Sa chás is tábhachtaí b'fhéidir de chomhroinnt eolais idir an OSFC agus na Coimisinéirí Ioncaim i 2006 nochtadh sonraí faoi 86 chás mhóra a bhain le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí. Ba é €48 milliún an méid comhiomlán a bhí i gceist. Rinneadh an nochtadh lena chur ar chumas na gCoimisinéirí

Ioncaim cinneadh a dhéanamh faoi ar eascair dliteanas cánach in aon cheann de na cásanna sin.

Ina theannta sin i bhfreagairt ar iarratais na gCoimisinéirí Ioncaim a bhain le roinnt cásanna chuireamar eolas ar fáil maidir leis na leasanna corparáideacha níos leithne a bhí ag na daoine lena mbaineann.

Tharla sreabhadh úsáideach eolais freisin in dhá threo i 2006 .i. idir baill an Gharda san Oifig agus a gcomhghleacaithe i mBiúro an Ghárda um Imscrúdú Calaoise (BGIC) agus i réimse eile den fhórsa. Rinneadh níos mó ná 1,800 fiosrúcháin agus eile, lena n-áirítear níos mó ná 700 leis an BGIC.

Fuarthas cabhair shubstainteach ar bhonn leanúnach freisin ó fhoireann OCC, ní hamháin maidir le Clár na gCuideachtaí a choinneáil suas chun dáta ach maidir le fáil agus deimhniú doiciméadaithe tionscantaigh cláraithe freisin .i. doiciméadú a bhféadfadh an OSFC úsáid a bhaint as in imeachtaí cúirte. B'fhorleathan mar obair an obair deimhnithe in amanna, agus ba mhór ag an oifig an cúnamh nach beag a thug foireann an OCC di mar thaca leis an obair thábhachtach forfheidhmíthe sin.

Chuathas i dteagmháil leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus le hOmbudsman na bPinsean maidir le líon beag cásanna ar leith. Ba chabhair í an teagmháil le heisean i ndáil le tionscnamh roinnt cásanna dícháilithe i 2006.

Le blianta beaga anuas tá caidreamh maith cothaithe ag an Oifig le Seirbhís Dhócmhainneach Thuaisceart na Éireann i ndáil le stiúrthóirí ar gearradh pionós orthu cheana mar gheall ar iompar tráchtála mífhreagrach i dThuaisceart na hÉireann agus a bhfuil gnó tosaithe nó atosaithe acu sa Stát. Tháinig fás ar bhonn leanúnach ar na teagmhálacha sin i 2006 agus tá roinnt cásanna idir lámha a bhféadfadh imeachtaí cúirte a eascairt astu in am agus i dtráth.

Mar a cuireadh in iúl níos luaithe leathnaíodh líonra na socruithe maidir le comhroinnt eolais le comhlachtaí rialaitheacha i 2006 nuair a chuir an OSFC agus Údarás Mhaoirseacht Iniúcháireacht agus Cuntasaíocht na hÉireann Meamram Tuisceana i gcrích i mí na Bealtaine. Tá súil leis go n-eascróidh as sin comhoibriú rialta leanúnach idir an dá chomhlacht amach anseo.

Fo-Aidhm 2.2: Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Achtanna na gCuideachtaí a Aithint

Roinnt beag mainneachtainí is mó atá i gceist leis an gcineál ábhar a thagann chun suntais via iniúcháirí. Bíonn raon ceisteanna i bhfad níos leithne sna gearáin poiblí a chuirtear chuig an Oifig seo, agus beimid ag iarraidh ar bhonn leanúnach, mar a cuireadh in iúl thuas, bealaí bíseacha fiosrúcháin a aimsiú chun cineálacha áirithe cionta i gcoinne dlí cuideachta a nochtadh.

Cineál na Saincheisteanna arna n-aithint sna Tuarascálacha Sainordaitheacha

Nochtaigh na 297 dtuarascáil shainordaitheacha a fuarthas i 2006 méid beag de chineálacha ciona indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí. In **Aguisín 2.2.1** den Tuarascáil seo léirítear cineál na gcionta arna dtuairisciú don Oifig i 2006 arbh fhiú le réasún a líon a ríomh, i gcomórtas le toradh na bliana roimhe sin.

I nach mór 90% de na mainneachtainí arna dtuairisciú ní raibh ach dhá chion i gceist:

- Bhain 268 de na mainneachtainí arna dtuairisciú (nó thart ar 80% den iomlán arna thuairisciú sna tuarascálacha sainordaitheacha) le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí. Tar éis na suimeanna a bhain leis sin a ríomh thaispeáin sé go raibh níos mó ná €70,000 milliún i gceist;
- bhain thart ar 38 gcás (tuairim is 10% den iomlán) le hamhras faoi mhainneachtain leabhair chúí chuntais a choinneáil i gcuideachtaí. Is bunúsach an oibleagáid seo i dtaca le hobair chothabhála ar chuideachta folláin ón ghné airgeadais agus oibriúcháin de. De bhrí gur féidir le mainneachtainí sa réimse seo an margadh gnó a shaobhadh trí shochair mhífhearáilte agus neamhthuillte a chruthú do roinnt cuideachtaí agus dá bpáirtithe leasmhara, sochair a théann chun dochair do roinnt eile, bítear lán dáiríre agus ceist ghníomh forfheidhmithe i ngach cás dá leithéid a bhreithniú.

Cineál na Saincheisteanna arna aithint i Tuarascálacha Deonacha agus Eile

Gearáin ghinearálta a bhíonn i gcuid mhaith gearáin agus ní mór dul i dteagmháil leis an ngearánaí agus le fiosrúcháin eile lena shoiléiriú an mainneachtain i leith dlí cuideachta (murab ionann agus calaois nó sárú ginearálta dlí coiriúil) atá i gceist. Is minic freisin gurb iad leighis dlí an ghearánaí féin is fearr a oireann chun aghaidh a thabhairt ar an ngearán.

In ainneoin na deacrachta cineál na ngearán agus na dtuarascálacha sin a thabhairt faoi chatagóir, soláthraíonn **Aguisín 2.2.2** eolas faoi chineál na saincheisteanna a thagann chun suntais faoin gceannteideal seo. Áirítear ar roinnt de na téamaí faoi leith:

- teagmhas na ngearán maidir le trádáil chorparáideach mhíchuí;
- mainneachtain stiúrthóirí agus daoine nach iad oibleagáidí bunúsacha áirithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear neamhthionól cruinníú ginearálta bliantúil agus
- gearáin maidir le fiach fós gan íoc.

Bhí ardú beag ach suntasach freisin ar líon na ngearán a bhain le cuideachtaí bainistíocht maoin sealbhais. A bhfuíochas na poiblíochta a d'eascair ó fhoilseachán na Dréacht-treorach sa réimse i Nollaig 2006, is dócha go mbeidh an réimse seo ina fhócas maidir le méadú breise ar ghearáin ón bpobal i 2007.

Láimhdeachas Cásanna

Bliain thar bheith rathúil a bhí i 2006 ó thaobh críoch a chur le hobair imscrúdaithe ar líon mór cásanna. Ba é ba chúis leis sin go páirteach an tosaíocht a tugadh do chásanna a bhain le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí agus leithroinnt na hacmhainne breise foirne chun cabhrú leis an obair. Mar is léir ó **Aguisín 2.2.3** chuir an OSFC críoch lena breithniúchán i 913 chás (gar do dhúbailt an toraidh de 470 sa bhliain a ghabh tharainn). Bhain 556 de na cásanna sin le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí ar luach €244 milliún.

In éagmais fianaise maidir le hintinn choiriúil bhí an obair a rinneamar i dtaca le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí dírithe i dtreo choigeartú riaracháin na mainneachtainí. Chuige sin tugadh rabhadh do 896 stiúrthóirí chuideachta agus d'admhaigh 93% de stiúrthóirí gurbh fheasach dóibh na srianta dlí sa réimse seo as seo ar aghaidh.

De bhreis ar na 913 chás arna gcur in iúl agus atá curtha i gcrích, tá 130 cás eile ina n-ábhar mionfhiosrúcháin ag an Oifig a tháinig ar an réamhtháil go bhfuil imthosca ann arbh fhéidir gur údar go leor iad chun imeachtaí coiriúla nó sibhialta a thionscnamh.

Ag deireadh na bliana bhí 267 gcás ina iomláine ar na bioráin, laghdú suntasach ar an bhfigiúr de 607 sa bhliain roimhe sin. Bhain 44 de na 267 gcás sin le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí ar luach comhiomlán de €33 milliún. Bhí thart ar a leath de na 267 gcás ar na bioráin ar feadh níos mó ná dhá mhí dhéag siocair chastacht na gcásanna den chuid is mó agus siocair thosaíochtaí práinneacha eile na hOifige. Mar sin féin ba laghdú suntasach sin ar glacadh go fonnmhar leis i gcomparáid leis an 350 cás lena mhacasamhail de phróifíl ag deireadh 2005.

Modh Diúscartha Cásanna

Tá briseadh síos in **Aguisín 2.2.4** ar an modh ar tugadh chun críche na 913 chás i 2006; déantar idirdhealú idir tuarascálacha sainordaitheacha agus tuarascálacha deonacha. Dúnadh an chuid is mó de na cásanna tar éis leigheas ar an mainneachtain a bheith cinnte agus tar éis rabhadh a eisiúint do na daoine lena mbaineann. Bhain a bhformhór díobh sin le hidirbhearta stiúrthóirí.

I 19% eile de chásanna ní raibh aon chall de réir mheasúnacht na hOifige imeachtaí dlí a thionscnamh de bharr easpa (nó neamhdhóthain) fianaise maidir le haon mainneachtain shoiléir i leith dlí cuideachta. I gcás tipiciúil léiríonn an gearánaí inní faoi chás a meastar mí-iompair bheith i gceist ach nach mbaineann go díreach le ceanglais Achtanna na gCuideachtaí.

I thart ar 7% de chásanna, bhí leighis dlí ar fáil don ghearánaí chun aghaidh a thabhairt ar an inní a bhí aige/aici. Ó am go chéile beidh fiacha amuigh ag gearánaí, agus ní chuireann an OSFC a ladar isteach i scéal nach bhfuil ann ach conspóid tráchtála agus tada eile.

Sa 9% eile de chásanna, bhain tosca éagsúla eile le conclúid gach cás (m.sh., níor cheist ábhartha í i dtaca le cúram an OSFC).

Cé gur tráthrialta a bhíonn deacrachtaí tráchtála ina bhfócas ag gearáin a chuirtear chuig an Oifig, féadfaidh sé go bhfuil mainneachtain i leith dlí cuideachta ag cur bac ar pháirtíocht chuí na bpáirtithe leasmhara ábhartha. I 2006 mar shampla, d'eisigh an OSFC trí threoir ag éileamh go dtionólfáí cruinnithe ginearálta bliantúla i ndiaidh gearáin a fháil ó chomhaltaí/scairshealbhóirí cuideachtaí go rabhtas ag diúltú an deis dóibh a iarraidh ar stiúrthóirí míniú a thabhairt i ndiaidh mainneachtain a leithéid de chruinnithe a thionól. I **Léiriú 2.2.1** tá cur síos faoi chás, a bhain le cuideachta bhainistíochta, inar chinntigh gníomh na hOifige go dtionólfáí cruinníú ginearálta bliantúil agus go gcuirfí ionadaithe comhaltaí in áit stiúrthóirí.

Léiriú 2.2.1: Cás inar chuir idirbhearta an OSFC ar chumas comhaltaí Cuideachta Bainistíochta Cúrsaí na Cuideachta a thabhairt i gcúram

I mí Dheireadh Fómhair 2005, rinne comhalta ar chuideachta bhainistíochta a bhí baint aici le maoin sealbhais san Iarthuaisceart teagmháil leis an OSFC ag cur in iúl di nach raibh cruinníú ginearálta bliantúil tionóla. Nochtaigh fiosrúcháin a rinneadh ina dhiaidh sin go raibh sé léirithe i dtuaisceán bliantúil na cuideachta don Oifig um Chlárú Cuideachtaí go raibh na ráiteas airgeadais a ghabh leis curtha iarbhrí faoi bhráid cruinníú ginearálta bliantúil. I ndiaidh teagmháil a dhéanamh leis an gcuideachta thaispeáin sé go raibh daoine nach raibh ina gcomhaltaí ag freastail ar na chruinnithe sin cé go raibh stiúrthóirí cuideachta ag iarraidh a dhéanamh amach gurbh iad na fíorchomhaltaí.

Ar éis dála an scéil a bhreithníú bhí an OSFC den tuairim nár tionóladh san am atá caite aon chruinnithe ginearálta bliantúla cuí. De bhun alt 131 d' Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú), d'ordaigh sí dá réir cruinníú ginearálta bliantúil a thionól go luath. I measc rudaí eile shonraigh an treoir:

- go gcuirfí in iúl do na comhaltaí go dtionólfáí an cruinníú de bharr treoir shonrach ón OSFC;
- go gceadófaí do chomhaltaí bheith tionlactha ag comhairleoirí;
- go bhfógrófaí an cruinníú d'iniúcháirí lena chinntiú go mbeadh siad i láthair;
- go mbeadh na cláir reachtúla éagsúla curtha ar fáil lena n-iniúchadh ar feadh 30 nóiméad roimh agus i ndiaidh an chruinnithe agus
- go mbeadh sé d'oibleagáid ar na stiúrthóirí na ráitis bhainc agus na blocárachais a chur ar fáil lena n-iniúchadh.

Tionóladh an cruinníú de réir na treorach, agus ghlac líon suntasach comhaltaí páirt ann. Bhí sé de thoradh ar chúrsaí gnó an chruinnithe gur ceapadh ionadaithe thar cheann na gcomhaltaí agus na stiúrthóirí den chéad uair. Chuir an OSFC a cuid oibre maidir leis an gcás i gcrích i mí na Bealtaine 2006.

Bhain cás eile a réitíodh ar bhonn sásúil le cuideachta bainistíocht maoin sealbhais freisin, cuideachta a bhí díscailte ar feadh píosa de bharr faillí stiúrthóirí na

cuideachta tindeáil ar a gcuid dualgais dlí. Chuireann **Léiriú 2.2.2** na sonraí ábhartha ar fáil.

Léiriú 2.2.2: Cás inar spreag idirbhearta an OSFC Cuideachta Bainistíochta arna díscáileadh le bheith curtha ar ais ar Chlár na gCuideachtaí

Fuarthas gearáin i mí na Nollag 2005 ag cur in iúl go raibh cuideachta bainistíochta in Iarthar na hÉireann bainte de chlár na gcuideachta mar gheall ar fhaillí i dtuairisceán bliantúil a chlárú. Líomhnaiodh freisin gur mhainnigh stiúrthóirí a gcuid stiúrthóireachtaí uile a nochtadh i gcomhaid a chuir siad chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Tar éis an cás a fhiosrú thaispeáin sé go raibh fírinne sna líomhaintí sin agus nach raibh oifig cláraithe na cuideachta ag feidhmiú níos mó.

Ansin tharraing an OSFC aird na stiúrthóirí ar an bpointe eolais go raibh an chuideachta bhainistíochta díscáilte, go raibh siad incháilithe le bheith dícháilithe chun ghníomhú mar stiúrthóirí agus go raibh baol i leith dliteanas pearsanta i gceist freisin i gcásanna trádála meargánta nó calaoisí. Tugadh cuireadh do na stiúrthóirí a machnamh a dhéanamh faoi na bearta cuí a ghlacadh chun na faillíoch a arbh eol iad a bheith ann a leigheas.

Ina dhiaidh sin thug ionadaithe na stiúrthóirí le fios don Oifig go rabhtas ag dul i mbun gnímh chun an scéal a leigheas. Faoi cheann Bealtaine 2006, bhí cuntais na cuideachta iniúchta agus cláraithe; bhí an chuideachta ar ais ar Chlár na gCuideachtaí agus bhí áit na stiúrthóirí bunaidh glactha ag comhaltaí na cuideachta bainistíochta. Ina dhiaidh sin fógraíodh oifig cláraithe nua do Chláraitheoir na gCuideachtaí.

Léiríonn na cásanna sin an ról dearfach a bhí ag an Oifig i 2006 maidir le cúnadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara cuideachta in imthosca áirithe seasamh dá gcearta agus leigheas ar an tsáinn ina raibh siad a chinntiú. Tabharfaidh foireann an OSFC aghaidh ar bhonn leanúnach agus chomh maith agus is féidir leo ar ghearáin agus ar thuarascálacha a bhaineann le mainneachtainí i leith dlí cuideachta a meastar bheith ann d'fhonn coigeartú na mainneachtainí sin a spreagadh i gcásanna oiriúnacha.

Aidhm 2.3: Fiosrúcháin Foirmeálta Chuideachta a Thacú/Choimisiúnú

Tá roinnt roghanna dlí ar fáil in Achtanna na gCuideachtaí le haghaidh iniúchadh foirmeálta ar leabhair agus ar dhoimicéid cuideachta. Rinneadh na hiniúchtaí uile a leanas de bhun na gcumhachtaí atá ar fáil in alt 19 d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú).

Fiosrúcháin arna gcur i gcrích i 2006

AIB Investment Managers Ltd.

Phlé Tuarascálacha Bliantúla an OSFC a eisíodh roimhe seo le fadhbanna stairiúla áirithe maidir le AIB Investment Managers Ltd., fadhbanna a chuir faoi deara go ndearna an Stiúrthóir iniúchadh ar leabhair agus ar dhoimicéid áirithe na cuideachta. I ndiaidh dó breithniú a dhéanamh ar na torthaí ar fhiosrúchán mionsonraithe an Rialaitheora Airgeadais ar na himeachtaí céanna, agus i ndiaidh dó breithniú ar na socrúithe cánach arna dtuairisciú a rinneadh roinnt de na tairbhíthe lena mbaineann, chinn an Stiúrthóir nach raibh údar le haon ghníomh breise dá chuid faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Dunnes Stores Ireland Company/Dunnes Stores (ILAC Centre) Ltd.

Phlé Tuarascálacha Bliantúla a eisíodh roimhe seo na himeachtaí a bhain leis na hiniúchtaí fada a rinneadh ar leabhair agus ar dhoimicéid na gcuideachtaí sin. I ndiaidh do na hiniúchtaí bheith tugtha chun críche, chinn an Stiúrthóir i 2006 go rachadh sé i mbun gnímh díreach mar gheall ar thorthaí na n-iniúchtaí sin.

Fiosrúcháin Leanúnacha

Cologne Reinsurance (Dublin) Limited

Tá cúlra an cháis sin léirithe i dTuarascáil Bhliantúil an OSFC don bhliain 2005. Rinneadh an Stiúrthóir bearta áirithe breise i 2006 chun greim a fháil ar eolas ábhartha áirithe breise, agus bhí an t-iniúchadh cuideachta sin fós oscailte ag deireadh na bliana 2006. Beidh an Stiúrthóir ag déanamh monatóireachta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh in imeachtaí gaolmhara i SAM (Stáit Aontaithe Mheiriceá) i 2007.

Iniúchtaí Cuideachta Roinne

I 2006 choinnigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Stiúrthóir ar an eolas maidir le dul chun cinn i dtaca leis an iniúchadh fós gan chríoch ar leabhair agus ar dhoimicéid College Trustees Ltd., Guinness and Mahon (Ireland) Ltd. and Hamilton Ross Company Limited.

Iniúchtaí ar Chuideachtaí Eile

Thionscain an Stiúrthóir dhá iniúchadh foirmeálta ar leabhair agus ar dhoimicéid cuideachta i 2006. Bhí an dá cheann fós ar lean ag deireadh na bliana.

Conclúid

Cé go raibh titim ar mhéid na hoibre a bhí ag teacht chuig an Oifig i 2006 de bhrí nach raibh ar iniúcháirí níos mó mainneachtainí i leith tuairisceán bliantúil a thuairisciú, ní raibh aon tionchar praiticiúil ag an díolúine sin ar mhéid na hoibre a bhí á láimhseáil ag an Oifig, de bhrí go gcuirtí na mainneachtainí sin faoi bhráid an OCC i gcónaí le go mbreathnófaí orthu. Tá súil áfach go mbeidh titim bhreise i dtuarascálacha iniúcháirí i 2007 má bhaintear úsáid shuntasach as na critéir níos scaoilte maidir le díolúine ó iniúchadh a cuireadh ar fáil go deireanach i 2006 i ndiaidh tús bheith curtha le feidhmíú alt 9 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006.

Tá gach súil leis áfach go mbeidh an t-ardú ar líon na ngearán poiblí a bhfuairéamar taithí air i 2006 ag leanúint ar aghaidh i 2007. Toisc shonrach sa chomhthéacs sin is ea an tuiscint atá ag fás i gcónaí go bhfuil an OSFC in ann feabhas a chur ar fheidhmíocht chuideachtaí bainistíochta, réimse ar cúis bhuartha don phobail é níos mó ná riamh. Tá an Oifig ag éirí níos sofaisticiúla freisin maidir le cásanna a meastar cion i gcoinne dlí cuideachta a bheith i gceist a bhrath as a stuaime fíin nó in éindí le comhlachtaí eile. Tá an Stiúrthóir sásta dá réir go bhfuil i dtréithe na saincheisteanna atá ar na bioráin agus iadsan a mbeifear ag súil leo obair le déanamh a choinneoidh acmhainní nach beag gnóthach ar bhonn leanúnach sa bhliain atá amach romhainn.

Aidhm 3 – Sárúithe Braite d’Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh

Réamhrá

Bliain ghnóthach eile don Oifig i ndáil le forfeidhmíú a bhí i 2006. Uair amháin eile bhaineamar an aidhm a bhí againn amach trí chomhardú réasúnach oibre a chinntiú idir imeachtaí forfeidhmíthe sibhialta agus imeachtaí forfeidhmíthe coiriúla; bhain 32 imeachtaí cúirte le forfeidhmíú sibhialta, 28 le forfeidhmíú coiriúil agus bhí naoi n-imeachtaí cúirte eile ar siúl i rith na bliana. Choinníomar freisin teist mhaith maidir leis an rath a bhí ar imeachtaí cúirte a thionscain agus a chosain an Oifig mar a léiríonn an fíoras nach raibh ach trí cinn de na 46 imeachtaí a cinneadh i 2006 nach raibh rath orthu.

Is í ár mian i gcónaí sárúithe sonracha dualgais agus oibleagáidí dlí cuideachta a chur os comhair na Cúirteanna agus léiríodh sin i bpianbhreith fionraithe de 6 mhí phríósúnachta a gearradh ar bheirt a lean ag gníomhú mar stiúrthóirí le linn dóibh bheith ag sárú ceanglas caipitliú cuideachta ndiaidh a srianta ag an Ard-Chúirt. Ina theannta sin bhaineamar amach dícháiliú ar feadh naoi mbliana i leith pearsa lárnach sa chás Ansbacher.

Imní maidir le héifeachtúlacht na bhfeidhmeanna forghníomhú dlí atá againn a dhéanann go bhfuilimid i bhfách leis, chomh fada is a bhaineann sé le pionóis, go mbeifear in ann pionóis éifeachtúla, chomhréireacha agus athchomhairleachá a ghearradh i gcás sárúithe dlí. Aithnímid go bhfuil sé de lánrogha ag breithimh a chinneadh cad is pionós cuí sna imthosca a bhaineann le gach cás faoi leith agus nach gá go mbeadh comparáid idir comhiomlán na bhfíneálacha a ghearrtar gach bliain ina tháscaire ar thromchúis na gcúrsaí a chinneann na Cúirteanna. Faoi réir na fainice sin, tháinig titim ar mhéid comhiomlán na bhfíneálacha a gearradh i gcásanna coiriúla go dtí €23,000 ó €35,000 i 2005. Bhí 2006 neamhghnách áfach sa mhéid is gur mheas na breithimh é bheith cuí i roinnt de na cásanna a éisteadh déileáil le cúrsaí ag féachaint do shíntiúis charthanacha arna ndéanamh ag na cosantóirí. Tuigimid go raibh síntiúis de níos mó ná €7,000 i gceist sna cásanna sin.

Imeachtaí Dlí

I gcomhthéacs an mhórphictiúir bhí an Stiúrthóir rannpháirteach i 69 chinn d’imeachtaí dlí; san Ard-Chúirt a bhí 39 gcinn díobh ar siúl agus bhí 26 chinn ar siúl sa Chúirt Dúiche. Bhí dhá chás breise os comhair na Cúirte Uachtaraí agus na Cúirte Cuarda faoi seach ar achomharc, agus bhí ceann de na cásanna os comhair na Cúirte Uachtaraí ag fanacht ar éisteacht ag deireadh na bliana. Tá forbhreathnú ar

thoradh na n-imeachtaí sin de réir cineáil curtha ar fáil in **Aguisín 3.1**.

Soláthraíonn **Aguisín 3.2** roinnt sonraí faoi chineál na n-imeachtaí Cúirte a raibh an Stiúrthóir gafa leo i 2006, maille le stádas agus toradh achomair ar gach cineál imeachta.

In **Aguisín 3.3** ainmnítear na páirtithe a mhaígh an Ard-Chúirt agus an Chúirt Chuarda gur mhainnigh siad a ndualgais agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Phostáil an OSFC ar bhonn leanúnach torthaí na gcaingne forfheidhmithe ar shuíomh idirlín an OSFC (www.odce.ie) go gairid i ndiaidh don Chúirt a bhreithiúnas a dhéanamh. Coimríonn an tábla a ghabhann leis seo cineál na gcinntí Cúirte arna ndéanamh in imeachtaí rathúla a raibh an Stiúrthóir rannpháirteach i 2006 (i gcomparáid le 2005).

Líon/Cineál Torthaí Forfheidhmithe Rathúla	2005	2006
Cúisimh inar daingníodh ciontuithe	49	48
Cúisimh curtha san áireamh tar éis ciontaithe	28	13
Cúisimh arna ndiúscairt (Acht um Promhadh Ciontóirí 1907)	35	36
Dícháilithe	21	14
Athbhreithnithe Breithiúnacha	2	-
Orduithe arna ndéanamh in imeachtaí géilliúntais	1	2
Sriantaí	-	2
Cinntí eile	8	8
IOMLÁN	144	123

Forfheidhmiú Coiriúil

Ar na gnéithe is suntasaí d'imeachtaí forfheidhmithe coiriúla an OSFC i 2006 b hí:

- ionchúiseamh rathúil dhá chineál nua ciona den chéad uair:
 - bhain ceann acu le ciontuithe faoi alt 161 d'Acht na gCuideachtaí 1990 ("Acht na bliana 1990") de stiúrthóir cuideachta ar dícháilíodh é ó ghníomhú amhlaidh, de bhrí gur mhainnigh sé a dhícháiliú RA (Ríocht Aontaithe) leantach a nochtadh tráth ar fhógair sé a cheapachán mar stiúrthóir ar dhá chuideachta anseo don Oifig um Chlárú Cuideachtaí. I **Léiriú 3.2.2** a bhaineann leis agus atá le haimsiú níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo pléitear an cás go mion;
 - bhain an dara ceann le sárú alt 243 d'Acht na bliana 1990 inar bhain stiúrthóir cuideachta úsáid as sraith ráiteas airgeadais a ndearna uirfíl bhréagacha do bhanc na cuideachta go raibh siad iniúchta ag gnóthas iniúcháirí arna n-ainmniú ach nach ndearna iarbhir iniúchadh orthu. Rinne an duine cúisithe sin i gcomhthéacs iarratais ar athnuachan áis rótharraingt bhainc;
- tabhairt os comhair na Cúirte Cuarda (den chéad uair go bhfios dúinn) d'achomhairc ag daoine ar cúisíodh

iad sa Chúirt Dúiche as cionta faoi Achtanna na gCuideachtaí. Tharla dhá chás:

- bhain ceann acu le téarma príosúnachta sé mhí curtha ar fionraí a gearradh ar stiúrthóir cuideachta i 2005 a lean ag feidhmiú mar stiúrthóir contrártha d'alt 161 d'Acht na bliana 1990 le linn dó bheith ag sárú ceanglas caipitliú cuideachta a raibh feidhm acu de dheasca srianadh Ard-Chúirte. Sa chás seo chinn an Chúirt an phianbhreith choimeáda fionraithe a chealú ach cúiseamh an stiúrthóra agus an dícháiliú ar feadh tréimhse chúig bliana a ghabh leis an mbreith a fhágáil slán;
- bhain an dara ceann le cúiseamh i gCúairt Chuarda amháin de pháirtí i ngnóthas iniúcháireachta as bheith dícháilithe chun leabhair chuideachta a raibh sí ina stiúrthóir uirthi a iniúchadh, contrártha do alt 187 d'Acht na bliana 1990. Níor eascair an achomhairc a bhí i gcoinne dhéine na breithe ach in imthosca inar thairbhígh na páirtithe eile sa ghnóthas iniúcháireachta den Acht um Promhadh Ciontóirí in imeachtaí cúirte a d'eascair as a mhacasamhail de chúisimh a bhfuair éisteacht ó Bhreitheamh Cúirt Dúiche eile. Ar achomhairc chinn an Chúirt Dúiche an ciontú a neamhniú agus an tAcht um Promhadh Ciontóirí a chur i bhfeidhm ina áit.

Ina iomláine cinneadh 103 chúiseamh i 27 gcás, toradh atá cosúil leis an 112 chúiseamh i 19 gcás i 2005.

Forfheidhmiú Sibhialta

Ar imeachtaí suntasacha forfheidhmithe sibhialta an OSFC i 2006 bhí:

- diúltú na hArd-Chúirte imeachtaí dícháilithe ar feitheamh, arna dtionscnamh ag an OSFC i gcoinne iariniúcháir agus stiúrthóir cuideachta darb ainm Kentford Securities Ltd. a chaitheamh amach ar fhoras moille mar a líomhnaítear.¹⁷ Breathnaigh freisin Tuarascálacha Bliantúla an OSFC do 2004 agus 2005 le haghaidh breis eolais maidir leis an gcás seo. Éisteadh na príomhimeachtaí dícháilithe níos deireanaí i 2006, agus cé gur chuir an Chúirt in iúl i mí na Nollag nach mbeifí ag dícháiliú an Freagróir, bhíothas ag fanacht leis an mbreithiúnas foirmeálta ag deireadh na bliana;
- an dícháiliú ar feadh naoi mbliana arna fhorchur ar Phádraig Collery de dheasca Thuarascáil Imscrúdaitheoraí na hArd-Chúirte maidir le cúrsaí Ansbacher (Cayman) Ltd. Tá an cas seo pléite go mion níos faide ar aghaidh sa Chuid seo den Tuarascáil in éindí leis an **Léiriú 3.4.1** a ghabhann leis.
- obair leanúnach a ghabhann le hiarratais ar dhícháiliú arna dtionscnamh i gcoinne ochtar iarbhainisteoirí

sinsearacha den National Irish Bank Ltd. Breathnaigh **Léiriú 3.1** a ghabhann leis seo le haghaidh mionsonraí faoi roinnt gnéithe den dlíthíocht seo a d'eascair i 2006;

- tionscnamh imeachtaí dícháilithe, i ndiaidh fhiosrúchán fada an OSFC, i gcoinne beirt stiúrthóirí cuideachta a ndearnadh cáineadh orthu freisin ag an mBinse Fiosrúcháin i leith Cúrsaí agus Íocaíochtaí Áirithe Pleanála.

Cásanna Forfheidhmithe

Tháinig laghdú i rith na bliana ar líon na gcásanna faoi bhreithniú a mheastar a bheith ina gcásanna coiriúla inforfheidhmithe, ó 350 go dtí níos lú ná 300 de bharr méadú mór ar líon na gcásanna ar cinneadh nach raibh siad oiriúnach do chaingean dlí. Mar ghnás leantach níor roghnaigh an Oifig le haghaidh cás cúirte forfheidhmithe i 2006 ach na cásanna tosaíochta sin a measadh gur theastaigh go bhfiosrófaí iad agus go mb'fhéidir pionós dlíthiúil a ghearradh ina leith. Áirítear ar na cásanna a bhí ar na biorán ag deireadh na bliana 2006 109 cás nua a tháinig ar aghaidh i 2006 le bheith fiosraithe. Tá nach mór a leath de na cásanna atá idir lámha ann ar feadh dhá bhliain nó níos mó; dúnfar an chuid is mó díobh gan dul i muinín gníomh dlí i 2007. Cuireann **Aguisín 3.4** eolas staitistiúil ar fáil faoi láimhdeachas na gcásanna i 2006 vis-à-vis 2005.

Léiriú 3.1: Imeachtaí Dícháilithe de dheasca Thuarascáil Imscrúdaitheoraí na hArd-Chúirte faoi chúrsaí National Irish Bank Ltd. (NIB)

Chuir Tuarascáil Bhliantúil OSFC do 2005 in iúl gur thionscain an Stiúrthóir imeachtaí dícháilithe i gcoinne naonúr hiarstiúrthóirí sinsearacha NIB de dheasca cinní i dTuarascáil Imscrúdaitheoraí na hArd-Chúirte ó 2004. Cé go bhfuarthas ordú dícháilithe deich mbliana i gcoinne duine de na hiarbhainisteoirí, tá an t-ochtar Freagróir eile ag cur i gcoinne imeachtaí an OSFC. Ag deireadh na bliana 2006 bhí an Stiúrthóir ag fanacht ar bhreithiúnas na hArd-Chúirte maidir lena iarratas go gcuirfí páipéir na gCigirí ar fáil dó. Chreid sé gur theastaigh na páipéir sin uaidh lena chruthú don Chúirt go raibh cáineadh na bhFreagróirí ar an Tuarascáil neamhbhailí.

I mí na Feabhra 2006 chinn an Ard-Chúirt gan chead a thabhairt don Stiúrthóir teacht ar pháipéir na gCigirí¹⁸. I bhfianaise an chinnte sin chuir an Stiúrthóir iarratas ar fhollasú doiciméad ón mBanc chuig an gCúirt, agus i mBealtaine, d'ordaigh an Chúirt go cuí na doiciméid arna n-iarraidh ag an Stiúrthóir a chur ar fáil lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil. Ina theannta sin d'iarr an Stiúrthóir follasú ó gach ceann den ochtar Freagróir. Ar deireadh thiar rinne na Freagróirí follasú de thoiliú nó, sa chás gur chuir na Freagróirí i gcoinne na n-iarratas ar fhollasú, ag éirí as Orduithe Cúirte.

De bhreis air sin bhí an Stiúrthóir ag iarraidh go mbeadh roinnt de na bhFreagróirí ag freastal ar an triail i ngach caingean le go bhféadfaí iad a chroscheistiú faoina Mionnscribhinn. I gcás amháin dá leithéid dhiúltaigh an Freagróir a thoiliú leis an gcroscheistiú, agus d'iarr an Stiúrthóir ar an gCúirt dá réir freastal an Fhreagróra ag triail an chaingne a ordú chun críche an chroscheistithe. D'ordaigh an Chúirt don Fhreagróir go cuí a dhéanamh amhlaidh¹⁹. Éisteadh an cas ina iomláine le croscheistiú an Fhreagróra agus bhíothas ag fanacht ar bhreith na Cúirte ag deireadh na bliana. Bhí na seacht gcinn eile de chásanna dícháilithe fós ar siúl ag deireadh 2006.

17 An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2006 v. Patrick McCann [2006] IEHC 57. Tá cóip de bhreithiúnas an Bheithimh Peart ó 7 Márta 2006 ar fáil ag rannán na gCinní Cúirte den suíomh idirlín ag www.odce.ie/en/court_disqualifications.aspx (Béarla amháin) nó ag www.bailii.org/ie/cases/IEHC/2006/H57.html.

18 Maidir le National Irish Bank Limited (Faoi Imscrúdú) agus Maidir le National Irish Bank Financial Services Limited (Faoi Imscrúdú) agus Maidir le hAcht na gCuideachtaí 1990 [2006] IEHC 35. Tá cóip de bhreith an Bheithimh Kelly ó 10 Feabhra 2006 ar fáil ag rannán na gCinní Cúirte den suíomh idirlín ag www.odce.ie/ga/court_investigations.aspx nó ag www.bailii.org/ie/cases/IEHC/2006/H35.html.

19 Maidir le hAcht na gCuideachtaí 1963-2003 agus Maidir le National Irish Bank Limited agus Maidir le National Irish Bank Financial Services Limited agus Maidir le hiarratas idir an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach – Iarratasóir agus Barry Seymour -Freagróir [2006] IEHC 369. Tá cóip de bhreith an Bheithimh O'Donovan ó 16 Samhain 2006 ar fáil ag rannán na gCinní Cúirte den suíomh idirlín ag www.odce.ie/en/court_disqualifications.aspx (Béarla amháin).

Taispeánann **Aguisín 3.5** tréithe na gcásanna atá idir lámha a bhfuiltear ag breithniú chaingean choiriúil forfheidhmithe a thionscnamh i dtaca leo. Bíonn dhá chatagóir shonracha in uachtar sa réimse seo ar bhonn leanúnach: mainneachtain leabhair chúí chuntais a choinneáil (alt 202 d'Acht na bliana 1990) agus mainneachtain stiúrthóirí téarmaí a srianta a chomhlíonadh (alt 161 d'Acht na bliana 1990). Seachas an dá chineál sin, bhíomar ag díriú freisin ar fhoirmeacha eile de mhíchleachtas dlí cuideachta (m.sh., gníomhaíocht den chineál cuideachta athbheochana) agus beidh an Oifig ag cuardú réimsí eile ina bhfuil rudaí as bealach á dhéanamh lena bhfiosrú.

Fo-aidhm 3.1: Polasaí Forfheidhmithe Cothrom a chur chun cinn

Tá caingean dlí costasach ó nádúr agus dian ar ama agus níl aon údar léi mura bhfuil an mí-iompar d'aon uaim, leanúnach, meargánta agus/nó tromchúiseach. Ciallaíonn a laghad is atá d'fhoireann againn go gcaithfear an chuid is mó den obair a dhíriú i dtreo:

- cúnamh a thabhairt don mhóramh atá ag iarraidh bheith géilliúil agus
- iad siúd atá i gcathú bheith neamhghéilliúil a spreagadh chun mí-iompar a sheachaint.

Mar is léir óna bhfuil scríofa sna codanna den Tuarascáil a chuaigh roimhe is freagairt dhearfach a fhaightear ón gcuid is mó de pháirtithe leasmhara nuair a spreagtar iad chun a gcuid oibleagáidí ó thaobh dlí a chomhlíonadh agus nuair a chuirtear ar an eolas iad gur féidir go bhfuil siad imithe i gcásanna áirithe ón iompar a éilítear uathu.

Mar chuid dá polasaí dá bhrí sin, feidhmíonn an Oifig cur chuige céimnithe dá freagrachtaí rialaitheacha:

- Bímid ag iarraidh chomh maith agus is féidir páirtithe leasmhara cuideachta a spreagadh chun géilliúntais maidir lena ndualgais agus a n-oibleagáidí i leith dlí cuideachta agus bímid á gcur ar an eolas i dtéarmaí ginearálta faoi na bearta leighis atá ann lena chinntiú go gceartaíonn siad gníomhartha neamhghéilliúla;
- Is minic nuair nach bhfuil sa mhainneachtain ach rud beag nó dearmad go nglacaimid leis go gcuirfear leigheas ar an scéal nó go ndéanfar an mhainneachtain a chur ina ceart go deonach.
- Más cuí na himthosca féadfaimid rabhadh a eisiúint go mbeimid i bhfad níos déine má dhéantar an mhainneachtain in athuair;

- má leantar leis an mainneachtain féadfaimid litir rabhaidh a sheoladh ag moladh go gcuirfí an mhainneachtain ina ceart, agus má chliseann air sin tionscnófar imeachtaí san Ard-Chúirt chun géilliúntas a éigniú;
- féadfaimid i gcásanna ábhartha imeachtaí dícháilithe nó srianta a thionscnamh san Ard-Chúirt chun pionós a ghearradh i gcás neamhghéilliúntais san am atá caite agus chun an pobal a chosaint ó bhaol amach anseo;
- féadfaimid dul i mbun imeachtaí coiritla achomair i dtaca le ceann nó níos mó de chásanna ina bhfuil amhras faoi chion in aghaidh dlí cuideachta ach é gan bheith tromchúiseach, nó
- féadfaimid cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí a chur faoi bhráid an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go ndéanfar cinneadh faoi ar chóir an cas a thriail ar díotáil.

Agus an cur chuige srathach sin á chur i bhfeidhm aici beidh an OSFC ag iarraidh a chinntiú chomh maith agus is féidir go nglacfaidh nó go gclóifidh páirtithe leasmhara cuideachta go deonach leis na freagrachtaí agus leis na cearta a roinntear eatarthu faoin dlí agus nach mbeidh gá le caingean fhoirmeálta dlí ach i mionlach beag de chásanna.

Cuireann na trí fhoroinn a leanas tuilleadh mionsonraí ar fáil faoi ghníomhaíocht forfheidhmithe na hOifige i rith na bliana 2006 sna réimsí atá luaite.

Fo-Aidhm 3.2: Seasamh le Ceanglais Nochta

Le buntáiste an ionchorpraithe tagann oibleagáidí áirithe dlí mar atá cumhdaithe in Achtanna na gCuideachtaí. Orthu sin tá an ceanglas go gcoinneoidh cuideachtaí agus a stiúrthóirí eolas chun dáta ar stádas agus ar fheidhmíocht na cuideachta agus go gcuirfear an t-eolas sin ar fáil ar bhonn tráthúil, sa chaoi is go mbeidh na combaltaí, na creidiúnaithe agus páirtithe leasmhara eile in ann ionchais na cuideachta amach anseo a mheas agus cinneadh feasach a dhéanamh faoin mbaol a bhaineann le bheith gafa san fhiontar ar bhonn leanúnach.

Oibleagáid maidir le Leabhair Chúí Chuntais a Choinneáil

Léiríodh i Tuarascálacha Bliantúla a chuaigh roimhe seo cé chomh tábhachtach is atá sé ar mhaithe le hiompar caidreamh tráchtála go ndéanfaí taifid agus cur síos cuí ar idirbhearta cuideachtaí sa chaoi is go mbeidh na páirtithe leasmhara cuideachta (a leithéid bainc, creidiúnaithe agus

páirtithe leasmhara eile) a bhfuil teacht acu ar ráitis airgeadais na cuideachta arna n-ullmhú in ann a bhrath ar an eolas a bhaineann leo. Ina theannta sin is ceanglas bunúsach é d'Achtanna na gCuideachtaí mar atá léirithe in alt 202 d'Acht na bliana 1990.

Is mar gheall ar thábhacht na hoibleagáide go dtugann an OSFC tús áite in a cuid fiosrúchán do shárúithe nochta na gceanglas sin. Tugadh 13 chás den chineál sin chun críche in 2006 agus bhí 12 díobh sin rathúil. As na 42 chúiseamh a ionchúisíodh i rith na bliana daingníodh ciontuíthe i dtaca le 25 chúiseamh a bhain le naoi gcuideachta agus le naonúr stiúrthóirí. Measadh ocht gcúiseamh a bheith cruthaithe agus chuir an Chúirt Dúiche lena mbaineann cúig cinn eile san áireamh. Gearradh fineálacha de níos mó ná €10,000 ina iomláine sna cásanna sin.

San aon chás amháin nach raibh rath air chaith an Chúirt na ceithre chúiseamh i gcoinne cuideachta agus a triúr stiúrthóirí amach.

Soláthar Faisnéise bréagaí/Úsáid Doiciméad Falsaithe

Glacann Cláraitheoir na gCuideachtaí leis an eolas arna chlárú ag agus thar cheann páirtithe leasmhara cuideachta ar bhonn an phrionsabail “meon macánta” .i. go mbíonn sé ag súil leis go mbeidh an t-eolas arna chlárú cruinn agus iomlán ag an am a chláraítear é. De bhrí go mbaintear úsáid as an eolas sin chun baol tráchtála a mheas, b'fhéidir iarmhairtí airgeadais a bheadh tionchar ar pháirtithe leasmhara sa mhargadh a eascairt as clárú faisnéise bréagaí. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin go dtabharfaí os comhair na cúirte aon pháirtithe leasmhara atá ag baint mí-úsáid as an dlí trí fhaisnéis bhréagach a chlárú, sa chaoi is go mbeidh caighdeán an eolais atá á chur ar fáil go poiblí ag Cláraitheoir na gCuideachtaí gan bheith mímhacánta.

Mar a tuairiscíodh sa Tuarascáil Bhliantúil do 2005, d'ionchúisigh an OSFC beirt iniúcháirí neamhcháilithe mar gheall ar ráitis airgeadais a chlárú a raibh siad ag insint fúthu go ndearna iniúcháir cáilithe iniúchadh orthu contrártha le alt 242 d'Acht na bliana 1990. I 2006 d'ionchúisigh an Oifig go rathúil dhá chás breise den chineál sin. Tá achoimre ar an dá chás i **Léiriú 3.2.1** a ghabhann leis seo.

Léiriú 3.2.1: Faisnéis Fhalsa a thabhairt do Chláraitheoir na gCuideachtaí

D'ionchúisigh an Oifig beirt stiúrthóirí cuideachta go rathúil i 2006 mar gheall air gur chuir siad isteach go feasach tuairisceán bliantúil a bhí falsa ó thaobh ábhair go dtí an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, contrártha le halt 242 d'Acht na bliana 1990. Is éard a bhí i gceist sa dá chás tuairisceán bliantúil a chur isteach a raibh ráitis airgeadais cuideachta ceangailte leis a rabhthas ag insint fúthu go raibh iniúchadh déanta orthu in ainneoin nach raibh.

I gcás amháin chuir John McElhinney, cuntasóir, tuairisceán bliantúil isteach i ndáil le cuideachta Portway Ltd., a raibh sé ina stiúrthóir uirthi. Ceanglaíodh ráitis airgeadais leis an tuairisceán bliantúil ag cur in iúl go raibh iniúchadh déanta orthu ainneoin nach raibh an t-iniúchadh tugtha chun críche. Toisc gur phléadáil an tUasal McElhinney neamhchiontach sa dá chion, thug idir an tUasal McElhinney agus iniúcháir na cuideachta fianaise sa Chúirt a bhí ag éisteach an cháis an 1 Samhain 2006. Chúisigh an Chúirt ina dhiaidh é sin mar gheall ar go ndearna sé go feasach ráiteas a bhí falsa ó thaobh ábhair i bhfoirm Dheimhniú Stiúrthóra agus Rúnaí a bhí in ainm a bheith ag comhlíonadh forálacha alt 18 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986 ag rá go raibh an tuarascáil arna ceangal dó ina fíorchóip de thuarascáil an iniúcháir maidir leis an gcuideachta. Gearradh fineáil de €800 ar an Úasal McElhinney agus ordaíodh dó costais finné agus ionchúisitheora de €1,410 a íoc.

Ba chosúil leis sin na himthosca sa dara cás. Bhí cúig cinn de thuirisceáin bhliantúla a raibh ceangaltáin ag gabháil leo a bhí in ainm a bheith ina dtuarascálacha iniúcháirí neamhspleácha sínithe i dtaca le ráitis airgeadais Elaborate Homes Ltd. agus Bodie Developments Ltd. thar roinnt blianta curtha isteach ag Thomas Nolan a bhí ag gníomhú mar léiritheoir i dtaca le clárú doiciméad leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Ní raibh na hiniúchtaí sin déanta áfach ag an iniúcháir arna ainmniú ná níor ceapadh é lena ndéanamh ach oiread. Tar éis dó phléadáil ciontach i gcúig chúiseamh arna ionchúiseamh an 28 Meán Fómhair 2006, chiontaigh an Chúirt an tUasal Nolan i gcion i ndáil le dhá chúis agus cuireadh na trí chúis eile san áireamh nuair a gearradh fineálacha de €3,200 ina iomláine.

Beidh an OSFC ag tabhairt tosaíochta d'fhiosrúchán agus d'ionchúiseamh cásanna a bhaineann le soláthar faisnéise atá falsa ó thaobh ábhair agus atá in ainm a bheith ag comhlíonadh forála d'Achtanna na gCuideachtaí siocair an tionchar poitéinsiúil atá ag na cleachtais sin i dtaca le méadú ar an mbaol margaidh do pháirtithe leasmhara cuideachta uile.

Ina theannta sin rinne Tuarascáil Bhliantúil 2005 tagairt do thionscnamh imeachtaí coiriúla ag OSFC den chéad uair faoi alt 243 d'Acht na bliana 1990 ina dtoirmiscear falsú doiciméad cuideachta agus a n-úsáid. Tá tagairt déanta thuas don ionchúiseamh seo agus don fhíoras gur tugadh chun críche é i 2006 agus gur ciontaíodh agus gur gearradh fíneáil ar stiúrthóir na cuideachta.

Mainneachtain Duine a bhí Dícháilithe thar lear an Dícháiliú a nochtadh

Le linn bheith ag uasdátú rialúchán corparáideach i ngeilleagar oscailte trádála na hÉireann thug an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí foráil isteach trína mbeidh duine atá dícháilithe i ndlínse amháin faoi cheangal an dícháiliú sin a nochtadh má dhéantar stiúrthóir de/di ar

chuideachta Éireannach²⁰ a bhí ann cheana nó a ionchorpraíodh le gairid²¹. Seo a leanas na sonraí a chaithfear a nochtadh don Oifig um Chlárú Cuideachtaí:

- an dlínse ina bhfuil sé/sí dícháilithe,
- an dáta ar dícháilíodh é/í amhlaidh agus, agus
- tréimhse an dícháilithe.

Bíonn sé de thoradh láithreach ar an nochtadh go bhfaigheann an duine dícháilithe cead chun gníomhú mar stiúrthóir sa stát ar an bhforas go gceadaíonn an t-eolas sin do chreidiúnaithe agus do dhaoine nach iad an baol a bhaineann le gnó a dhéanamh leis an gcuideachta nó leis an duine atá i gceist a mheas.

Léiriú 3.2.2: Ionchúiseamh Duine a rinne mainneachtain, ar ceapadh dó mar stiúrthóir sa Stát, a dhícháiliú leantach in áit eile a nochtadh

Chuir an OSFC tús i 2005 le himeachtaí ionchúisimh i gcoinne John Francis Xavier O'Brien ar measadh é bheith dícháilithe mar gheall ar gur loic sé a dhícháiliú leantach mar stiúrthóir i Sasana agus sa Bhreatain Bheag a nochtadh. Dícháilíodh an tUasal O'Brien iarphríomhoifigeach feidhmeannach ar chuideachta gháis agus thaiscéalaíochta arna liostáil ar Stocmhalartán Londain mar Alliance Resources plc, ar feadh seacht mbliana de bhua orduithe a rinne Southwark Crown Court an 11 Feabhra 2000 in imeachtaí dar dteideal "Regina - v - John Francis Xavier O'Brien". Tháinig an dícháiliú san RA i ndiaidh a chiontairthe i mbrionnú agus i gionta a bhain le cuntasáocht falsa ar gearradh pianbhreith choimeáda 15 mhí air mar gheall orthu.

Sna himeachtaí OSFC, cúisíodh an tUasal O'Brien in alt 161(1) d'Acht na bliana 1990 a shárú trí ghníomhú mar stiúrthóir ar dhá chuideachta Éireannacha, Barnabrow Cottages Limited agus Self Build Planning Services Limited, le linn dó bhféith faoi réir dícháilithe arna meas. Ó tharla gur phléadáil an tUasal O'Brien neamhchiontach, éisteadh leis na cúisimh ina n-iomláine os comhair Chúirt Dúiche Mhainistir na Corann an 2 Márta 2006.

Tar éis an fhianaise a éisteacht, chiontaigh an Chúirt an tUasal O'Brien, ghearr fíneáil de €1,900 air agus d'ordaigh dó costais ionchúisimh de €1,000 a íoc. D'ordaigh an Chúirt freisin síneadh a chur le dícháiliú an chosantóra maidir le gníomhú mar stiúrthóir chuideachta sa Stát go dtí 1 Eanáir 2008.

Tá sé den tábhacht ar chúiseanna a bhaineann le cosaint chreidiúnaithe go ndéanfaidh daoine atá dícháilithe chun gníomhú mar stiúrthóir i ndlínse eile nochtadh iomlán ar ceapadh dóibh mar stiúrthóir sa Stát.

Má loiceann duine áfach a d(h)ícháiliú i ndlínse thar lear a chur in iúl nó má chuireann an duine sin faisnéis atá falsa ó thaobh ábhair nó faisnéis mhíthreorach ar fáil, meastar ansin go bhfuil an duine sin dícháilithe chun gníomhú mar stiúrthóir²². Téann an tréimhse dícháilithe in éag in Éirinn ag an am céanna dá bhforáiltear sa dlínse thar lear.²³

Duine ar bith áfach atá cúisithe i gcion mar gheall ar gur ghníomhaigh sé le linn dó/di bheith dícháilithe d'fhéadfaí síneadh 10 mbliana a chur leis an tréimhse dícháilithe agus d'fhéadfadh sé go gcuirfidh an Chúirt pionós airgeadais nó eile air/uirthi freisin.²⁴

I 2006 ciontaíodh stiúrthóir ar dhá chuideachta Éireannacha i ngníomhú le linn bheith dícháilithe tar éis gur loic sé a dhícháiliú leantach san iasacht a nochtadh ag am a cheapacháin. Tá na sonraí faoin gcás sin léirithe sa **Léiriú 3.2.2** a ghabhann leis seo.

20 Alt 195(8) d'Acht na gCuideachtaí 1963, arna leasú ag alt 91(a) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

21 Alt 3A d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 arna leasú ag alt 101 d'Acht na bliana 2001.

22 Alt 160(1A) d'Acht na gCuideachtaí 1990, arna leasú ag alt 42(a) d'Acht na bliana 2001.

23 Alt 160(1B) d'Acht na gCuideachtaí 1990, arna leasú ag alt 42(a) d'Acht na bliana 2001.

24 Alt 161 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

Fo-aidhm 3.3: Pionós a ghearradh ar Pháirtithe nach dTugann Aird ar Leasanna Cuideachta nó ar Leasanna nach iad.

Tá go leor forálacha in Achtanna na gCuideachtaí a chuireann cosc nó srianadh ar shaoirse ghníomhaithe pháirtithe leasmhara cuideachta d'fhonn macántacht i gcaidrimh thráchtála a chosaint agus d'fhonn an baol a bhaineann leis na creidiúnaithe, leis na fostaithe, agus leis na hinfheisteoirí sna gcuideachtaí atá i gceist a laghdú. Déantar plé sna míreanna a leanas ar roinnt de na cásanna ar dhéileáil an Oifig leo i 2006 ina ndearna páirtithe leasmhara neamhaird den cosaint ó thaobh leas poiblí a fhorchuirtear orthu de réir dlí.

Daoine Srianta ag gníomhú de shárú ar na Coinníollacha Reachtúla

Seasann an liosta reatha de dhaoine arna srianadh ag an Ard-Chúirt ag 700 duine, agus déanann an Oifig monatóireacht ar bhonn leanúnach mar chuid dá feidhm bhraite ar an oiread is a chomhlíonann na daoine srianta na coinníollacha reachtúla atá infheidhme i leith aon cuideachta bhfuil siad nó a mbeidh siad ina stiúrthóir uirthi san am atá romhainn.

Is díol iontais i gcónaí don Oifig go bhfuil sí ag teacht go tráthrialta ar stiúrthóirí a chliseann orthu na critéir chaipitliú cuideachta a bhaineann lena srianta a urramú contrártha le halt 161 d'Acht na bliana 1990. I ndiaidh a gciontaithe i 2004 agus 2005, daingníodh ciontuithe arís i 2006 i dtaca le trí dhuine aonair, agus i gcás amháin, chinn an Chúirt go raibh téarmaí priosúnachta sé mhí curtha ar fionraí tuillte de bharr an tsáraithe. Dícháilíodh an triúr freisin ar feadh tréimhsí ó thrí go dtí a chúig bliana de dheasca a gciontaithe. I gcás eile dá leithéid, cuireadh an tAcht um Promhadh Ciontóirí i bhfeidhm maidir le dhá dhuine aonair i dtaca le dhá chúiseamh a measadh bheith cruthaithe.

Mar a cuireadh in iúl níos luaithe d'éist an Chúirt Cuarda den chéad uair achomharc i ndáil le pianbhreith sé mhí fionraithe a cuireadh ar stiúrthóir cuideachta a lean ag feidhmiú mar stiúrthóir le linn dó bheith ag sárú ceanglais chaipitliú cuideachta. Sa chás sin chinn an Chúirt an phianbhreith choimeáda fionraithe a chealú ach cúiseamh an stiúrthóra agus an dícháiliú ar feadh tréimhse chúig bliana a ghabh leis an mbreith a fhágáil slán.

Cuirfidh an OSFC acmhainní ar fáil ar bhonn leanúnach lena chinntiú go gcaomhnófar macántacht an chórais srianta agus go gcuirfear smachtbhannaí orthu siúd a measann an Ard-Chúirt nach bhfuil siad i dteideal feidhmiú mar stiúrthóirí cuideachta ar an ngnáthfhoras neamhchoinníollach.

Ag Gníomhú mar Iniúchóir gan bheith Cáilithe nó le linn a bheith Dícháilithe

Faoi Achtanna na gCuideachtaí níl sé ceadaithe ach do dhaoine atá cáilithe agus deimhnithe mar is cuí a ghníomhú mar iniúchóirí. Is cion é faoi alt 187 d'Acht na bliana 1990 gníomhú le linn bheith neamhcháilithe nó dícháilithe. Gné den chineál seo cás forfheidhmithe is ea go bhfuil go leor de na daoine atá bainteach ag cur seirbhísí cuntasáochta de chineál éigin ar fáil agus go mbeifeá ag súil le réasún go mbeadh siad feasach faoi nádúr forchoimeáda na feidhme iniúchóireachta.

I 2006 dhaingnigh OSFC ciontuithe i 14 chúis i gcoinne duine aonair a ghníomhaigh mar iniúchóir nuair nach raibh sé cáilithe le haghaidh sin. Cuireadh cúig chúis bhreise san áireamh. Bhain na cúisimh sin le hocht gcuideachtaí éagsúla. Gearradh fineálacha de €4,000 ina iomláine, agus deonaíodh costais de €1,000 ina aghaidh freisin.

Cuireann na hAchtanna cosc freisin ar iniúchóir cáilithe gníomhú i gcuideachta a bhfuil cónasc gnó nó muinteartha aige/aici léi. Bhí sraith amháin d'imeachtaí cúirte sa réimse sin ag an OSFC i rith na bliana. Cuireadh an tAcht um Promhadh Ciontóirí i bhfeidhm maidir le chúig dhuine i dtaca le 15 chúiseamh ar measadh iad a bheith cruthaithe, faoi réir €5,000 i dtabhartais charthanúla a bheith deonaithe ag na daoine lena mbaineann. I gcás duine den chúigear, ba thoradh é sin ar achomharc a rinne an cosantóir don Chúirt Chuarda maidir le ciontuithe a cinntíodh i ndáil le trí cinn de chúisimh ar leibhéal na Cúirte Dúiche.

Ba iad imthosca an achomhairc sa Chúirt Chuarda go raibh an freagarthóir ciontaithe i gCúirt Dúiche amháin maidir le ciontaí faoi alt 187 le linn do na páirtithe eile sa ghnóthas iniúchóireachta céanna a thairbhiú den Acht um Promhadh Ciontóirí ag eascairt as a mhacasamhail de chúiseanna a éisteadh os comhair Breitheamh Cúirt Dúiche eile i limistéar Cúirt Dúiche eile. Chinn an Chúirt Chuarda ar achomharc an ciontú a neamhniú agus an tAcht um Promhadh Ciontóirí a chur i bhfeidhm ina áit. Mar a cuireadh in iúl níos luaithe, mhol an OSFC athrú sa dlí a dhéanfadh go mbeifí in ann a mhacasamhail de chásanna a d'eascródh as fforais nó as imthosca coitianta a beith diúscartha in aon éisteacht sa Chúirt Dúiche seachas (mar a tharlaíonn fós ó am go chéile) go n-éistear iad in dhá cheann nó níos mó de limistéir Chúirt Dúiche. Gheofaí réidh le torthaí atá, dar le daoine áirithe neamhréireach, ag leibhéal na Cúirte Dúiche leis an athrú seo agus shábhálfaí am agus costais dlí na Cúirte freisin. Tá súil leis go nglacfaidh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta leis an moladh i 2007 i ndiaidh dó bheith breithnithe ag an nGrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta.

Ag Gníomhú mar Leachtaitheoir le linn bheith Dícháilithe

Bíonn a mhacasamhail de shrianta dlí infheidhme i leith daoine a ghníomhaíonn mar leachtaitheoirí i gcuideachtaí a bhfuil cónasc gnó nó muinteartha acu leo. Cuirtear an ceangal seo i bhfeidhm chun neamhspleáchas agus macántacht an phróisis leachtaithe a dhaingniú.

Chinn ar an OSFC i 2006 ionchúiseamh a áirithiú i gcás leachtaitheoir a raibh amhras faoi go raibh sé dícháilithe mar gheall ar gur ghníomhaigh sé mar iniúchóir sa chuideachta chéanna. Chaith an Chúirt amach an ionchúiseamh áfach faoi alt 300A d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna chur isteach ag alt 146 d'Acht na bliana 1990).

Idirbhearta Iomarcacha Stiúrthóirí

Mar a cuireadh in iúl sa chuid sin den Tuarascáil a chuaigh roimhe, is ar bhonn riaracháin a ndéileáiltear leis an gcuid is mó de na teagmhais a bhaineann le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí. Ar an ócáid seo áfach tá dóthain fianaise ann go bhfuiltear feasach faoi mhainneachtain nó go bhfuil creidmheas réasúnta ann chun dul i mbun imeachtaí ionchúisimh faoi alt 40 d'Acht na bliana 1990.

I rith na bliana ionchúisíodh dhá chás agus lig an Chúirt don beirt dhuine a raibh baint acu leo tairbhiú den Acht um Promhadh Ciontóirí i ndáil le 11 cinn de chúisimh ar measadh iad a bheith cruthaithe. Bhí an tríú cás fós ar siúl ag deireadh na bliana.

Fo-aidhm 3.4: Caingean dlí a Thionscnamh i gcoinne Páirtithe a Dhiúltaíonn Freagracht faoin Dlí

Bíonn an Stiúrthóir dian ar na cásanna sin ina bhfeictear dó go bhfuil cuideachta nó oifigeach cuideachta go buanseasta ag déanamh rudaí atá in aghaidh an dlí.

Mainneachtain Leanúnach Dlí Cuideachta agus Ceangail Eile a Chomhlíonadh

Bíonn fonn ar an Stiúrthóir dul sa tóir ar bhonn gníomhach ar pháirtithe a bhaineann mí-úsáid nó a dhéanann neamhaird ar an dlí agus a bhíonn ag iarraidh gan bheith freagrach as a mí-iompar.

Is éard a bhí i dTuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte maidir le hAnsbacher (Cayman) Limited agus le cúrsaí gaolmhara, táirge fiosrúchán fada agus cuimsitheach ar an ngnó Éireannach de chuideachta a ndearnadh stiúradh uirthi ar bhealach mídhleathach agus rúnda thar scór bliana nó níos mó. I mí Mhárta 2006, chinn an Ard-Chúirt an chéad cheann de shraith imeachtaí dícháilithe i gcoinne bheith dhuine ar ábhar cinnidh dhiúltacha iad i dTuarascáil na gCigirí. Bhain an cás atá i gceist le Pádraig Collery ar dhuine é a cáineadh as a ghníomhartha agus as a neamhghníomhartha i ndáil le hAnsbacher (Cayman) Limited agus le cuideachta gaolmhara, Hamilton Ross Company Limited. Ghlac an tUasal Collery lena dhícháiliú faoi alt 160(2)(e) d'Acht na bliana 1990, agus i ndiaidh na cinntí i dTuarascáil na gCigirí a bhreithniú, d'ordaigh an Ard-Chúirt a dhícháiliú ar feadh naoi mbliana²⁵. Tá achoimre faoi na cinntí tromchúiseacha a cuireadh os comhair na Cúirte sa chás seo i **Léiriú 3.4.1** a ghabhann leis seo.

Bhí imeachtaí na hArd-Chúirte i gcoinne dhá dhuine eile arna gcáineadh i dTuarascáil na gCigirí Ansbacher fós ar siúl ag deireadh na bliana 2006.

Bhain an Stiúrthóir naoi gcinn eile d'orduithe dícháilithe agus dhá ordú srianta amach san Ard-Chúirt ag eascairt as imeachtaí arna nglacadh ar lámh faoi alt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí 1990 i gcoinne stiúrthóirí cuideachta a thréig cuideachtaí a bhí i bhfiacha, a rinne mainneachtain maidir lena n-oibleagáidí reachtúla cláraithe agus a cheadaigh do na cuideachta bheith bainte de Chlár na gCuideachtaí. Tá cuntas mionchruinn faoi na cásanna i gceist curtha ar fáil i gCuid 4 den Tuarascáil seo.

25 An Stiúrthóir um Fhorfeidhmíú Corparáideach 2006 v. Pádraig Collery [2006] IEHC 67. Tá cóip de bhreithiúnas an Bhreithimh Finlay-Geoghegan ó 9 Márta 2006 ar fáil ag rannán na gCinntí Cúirte den suíomh idirlín ag www.odce.ie/ga/court_disqualifications.aspx nó ag <http://www.bailii.org/ie/cases/IEHC/2006/H67.html>.

Léiriú 3.4.1: Cinntí Chigirí na hArd-Chúirte Ansbacher a bhaineann le dícháiliú Pádraig Collery ar feadh naoi mbliana

Ba í conclúid Thuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte (leathanacha 489-491 agus 500 agus 501) go ndeachaigh Ansbacher (Cayman) Ltd. agus Hamilton Ross Company Ltd. go feasach i mbun gnó sa Stát seo thar thréimhse fada gan ceanglais shonracha in Achtanna na gCuideachtaí agus in Achtanna an Bhainc Cheannais a chomhlíonadh. Ba í conclúid na gCigirí freisin go raibh fianaise ann gur dóigh go raibh an dá chuideachta ag sárú dlí cánach agus an dlí choiriúil ghinearálta agus ag freastal d'inghabháil cánach a gcuid gcliant ar bhonn forleathan.

Chomh fada is a bhain sé leis an tUasal Collery, ba í conclúid na gCigirí ina d'Tuarascáil (míreanna 29.12) go raibh fianaise ann a thaispeáin:

- “1. *From 1989 to May 1994, Mr Collery assisted Ansbacher in carrying on an unlicensed banking business, in breaching Sections 352, 353, 355 and 357 of Part XI of the Companies Act, 1963, in evading tax due on its own activities and in assisting others to evade tax.*
2. *From 1989 to May 1994, Mr Collery knowingly assisted Ansbacher in conducting its affairs in the State so as to defraud a creditor of some of its clients, namely the Revenue Commissioners.*
3. *From late 1992/early 1993 to 1995, Mr Collery also knowingly assisted Hamilton Ross in operating its unlicensed banking business in Ireland, in its breaches of Sections 352, 353, 355 and 357 of Part XI of the Companies Act 1963, in evading tax due on its own activities and in carrying on business in the State in such a manner as to defraud a creditor of some of its clients, namely the Revenue Commissioners.*
4. *From 1989 to 1995, Mr Collery may have committed:*
 - a) *the common law offence of conspiracy to defraud, and*
 - b) *the offence of knowingly aiding, abetting, assisting, inciting or inducing another person to make or deliver knowingly or wilfully any incorrect return, statements or accounts in connection with their tax contrary to the provision of the appropriate tax legislation now consolidated in Sections 1056 and 1078(2) of the Taxes Consolidation Act, 1997.”*

Conclúid

Tá sé soiléir go ndearna an OSFC breis dul chun cinn maidir lena gníomhaíochtaí forfheidhmithe i 2006. Bhí réimse ábhar sibhialta agus coiriúla á shaothrú, agus tionscnaimh nua a bhí i gcuid díobh. Beidh an Oifig, chomh fada agus is féidir léi agus leis na hacmhainní atá ar fáil di agus ainneoin cibé srianta eile atá ann, ag cur an obair forfheidhmithe atá ar bun aici chun cinn i 2007 ar bhonn leanúnach.

Aidhm 4 – Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha

Réamhrá

Tá sé de dhuilgias ar Stiúrthóirí cuideachta a chinntiú go mbíonn siad freagrach i mbun gnímh i dtaca le leasanna páirtithe leasmhara cuideachta eile agus i dtaca leo siúd a bheidh i mbaol cailteanas airgeadais sa chás go gclisfeadh ar an cuideachta amach anseo is go mbeadh sí dócmhainneacht dá bharr. Tá srianadh, dícháiliú agus fiú pionós coiriúil i ndán do stiúrthóirí a dhéanann mainneachtain i leith a gcuid dualgas. Tá roinnt forálacha in Achtanna na gCuideachtaí arb fhéidir áis a bhaint astu chun iompar dá leithéid a thabhairt chun suntais agus rud a dhéanamh faoi.

I 2006 bhí obair an OSFC sa réimse seo dírithe go seasta ar:

- cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú agus
- cuideachtaí neamhleachtaithe nó cuideachtaí dócmhainneacha díscailte.

Treochtaí Leachtaithe

Taispeántar sa tábla a leanas líon na leachtuithe arna bhfógairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) le blianta beaga anuas.

Leachtuithe	2002	2003	2004	2005	2006
Creidiúnaithe	378	346	321	300	323
Cúirt	34	31	40	49	31
Comhaltaí	720	941	827	868	930
Iomlán	1,132	1,318	1,118	1,217	1,284

Fáiltíodh sna Tuarascálacha Bliantúla OSFC a chuaigh roimhe seo leis an laghdú le blianta beaga anuas ar líon na cuideachtaí dócmhainneacha a chuaigh faoi leachtú, agus is beag athrú atá ar an bhfigiúr comhcheangailte de 354 don bhliain 2006 le haghaidh leachtuithe creidiúnaithe Cúirte agus deonacha i gcomparáid leis an toradh de 349 i 2005. Síltear go bhfuil an t-ardú breise go dtí 930 ar líon na cuideachtaí sócmhainneacha a chuaigh faoi leachtú i 2006 .i. 7% d'ardú i gcomparáid le 2005, dearfach freisin. Is léir go bhfeileann na coinníollacha maithe atá ann do pháirtithe leasmhara cuideachta chomh fada is a bhaineann sé le híocaíocht a ndliteanas vis-à-vis cuideachtaí arna gcur faoi leachtú. Ar ndóigh chuidigh an córas dócmhainneacha a

tugadh isteach leis an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí leis an mbaol laghdaithe gnó sin. Beidh fonn ag an OSFC i gcónaí an timpeallacht dearfach seo a choimeád agus déanfar athbhreithniú go tráthrialta ar chúrsaí.

Cuideachtaí Dócmhainneacha faoi Leachtú de réir Earnáil Eacnamaíil

In **Aguisín 4.1** déantar briseadh síos de réir earnáil eacnamaíoch ar chuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú trí thagairt a dhéanamh do na tuarascálacha is túisce a fuarthas ó leachtaitheoirí i 2006. Ba iad na hearnálacha mórdhíola agus miondhíola, tógála agus déantúsaíochta ba mhó a bhí le sonrú i measc na cuideachtaí faoi leachtú dócmhainneach. Tháinig ardú de 32% ó 53 i 2005 go 70 i 2006 ar líon na cuideachta tógála faoi leachtú dócmhainneach agus tháinig laghdú de 42% ar na figiúirí maidir leis an earnáil déantúsaíochta ó 65 i 2005 go 38 i 2006. Tháinig íslíú suntasach de 48% ar líon na cuideachtaí dócmhainneacha sna hearnálacha teicneolaíochta agus teileachumarsáide ó 29 go 15. Bhí méadú áfach, ar líon na cuideachtaí slándála a chuaigh faoi leachtú, arb fhéidir gurb iad na caihdeáin fheabhsaithe riaracháin atá an tÚdarás Slándála Phríobháidí nua ag cur i bhfeidhm is cúis leis.

Cuideachtaí Dócmhainneacha Neamhleachtaithe/Díscailte

Níl aon fhigiúirí ann a bhfuil údarás leo a ainmníonn líon iomlán na cuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe agus díscailte. Mar shampla, féadfaidh roinnt céadta cuideachta dhócmhainneach a bheith ar Chlár na gCuideachtaí ag aon am amháin, cuideachtaí atá éirithe as a bheith ag trádáil agus nach bhfuil curtha faoi leachtú. Bainfead go leor díobh sin den Chlár áfach in am agus i dtráth.

Tá figiúirí OCC le fáil le haghaidh líon na cuideachtaí díscailte, ach foláinn siad idir chuideachtaí sócmhainneacha agus chuideachtaí dócmhainneacha. Na fainicí sin curtha san áireamh, coimríonn an Tábla a leanas líon na cuideachta ar baineadh den Chlár iad sna blianta 2002 go 2006. Ní féidir aon chiall faoi leith a bhaint as an titim de níos mó ná 4000 cuideachta i 2006 toisc an athraithe sna figiúirí thar an tréimhse chúig bliana.

Cineál na Cuideachta Díscailte	2002	2003	2004	2005	2006
'Baint de - OCC' ²⁶	-	14,836	1,401	9,514	5,255
'Baint de - Coimisinéirí Ioncaim' ²⁷	2,766	-	1,599	794	444
'Baint de go Deonach' ²⁶	3,125	5,483	3,595	3,316	3,757
Iomlán	5,891	20,319	6,595	13,624	9,456

²⁶ Alt 311 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú) agus alt 12 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

²⁷ Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Eurofood IFSC Limited (Faoi Leachtú)

Dhéileáil Tuarascáil Bliantúla an OSFC do na blianta 2004 agus 2005 le cás Eurofood IFSC Limited (Faoi Leachtú) (“Eurofood”) agus leis an tábhacht ó thaobh dhlí dócmhainneach na hÉireann agus an AE a bhí ag roinnt ceisteanna a chuir an Chúirt Uachtarach faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach (CBCE). I rith na bliana 2006 d’eisigh idir Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus an Chúirt Uachtarach cinntí deireanacha arb í an éifeacht a bheidh leo gur faoin leachtaitheoir de réir dhlí na hÉireann a dhéanfar an foirceannadh leanúnach ar Eurofood. Bhí an Stiúrthóir ina Pháirtí Fógra ag na himeachtaí sin agus deonaíodh a chostais dó le haghaidh na héisteachta sa Chúirt Uachtarach. Tá breis sonraí le haghaidh na mbreithiúnas Cúirte sin i **Léiriú 4.1** a ghabhann leis seo.

Ordú Costas Páirtí Fógra

I mí Márta 2006 fógraíodh don Stiúrthóir go raibh Ordú Cúirte á nascadh mar Pháirtí Fógra d’imeachtaí Ard-Chúirte a bhain le Ribonwood Developments Limited (Faoi Leachtú). Thionscain an leachtaitheoir na príomhimeachtaí ag iarraidh ordú srianta i leith roinnt stiúrthóirí de bhun alt 150 d’Acht na bliana 1990 tar éis nár scaoil an OSFC an leachtaitheoir ón oibleagáid reachtúil a bhí air iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt. Ba é cinneadh na Cúirte ag na himeachtaí sin gan srianadh a chur ar na stiúrthóirí cosantóirí. Ansin rinne an Chúirt Ordú an Stiúrthóir a nascadh leis na himeachtaí mar Pháirtí Fógra chun ceist na gcostas a chinneadh.

Léiriú 4.1: Eurofood IFSC Limited (Faoi Leachtú)

Cuimsíodh i dTuarascálacha Bliantúla a chuaigh roimhe seo eolas faoin mbaint a bhí ag an Stiúrthóir i ndlíthíocht ag éirí as dócmhainneacht Eurofood IFSC Limited - cuideachta Éireannach ar ghnóthas tánaisteach í faoi úinéireacht iomlán Parmalat SpA, cuideachta Iodálach a bhí ar cheann de na baill is mó a bhí chun tosaigh sa ghrúpa mór bia ilnáisiúnta, Parmalat.

I mBealtaine 2006 thug Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach (CBCE) a breithiúnas maidir le ceisteanna áirithe dlí, a chuir an Chúirt Uachtarach faoina bráid i mí Iúil 2004²⁸. Bhí rialú an CBCE i gcomhréir den chuid is mó leis an léamh ar an dlí a raibh roinnt páirtithe lena n-áirítear an OSFC ag argóint ar a shon. Go háirithe dheimhnigh an CBCE sa chás go bhfuil máthairchuideachta agus a ghnóthas tánaisteach ionchorpraithe i dhá cheann difriúla de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, gur chóir go dtoimhdeofaí go bhfuil “*centre of main interests*” an ghnóthais tánaistigh lonnaithe sa mBallstát ina bhfuil an gnóthas tánaisteach ionchorpraithe, mura bhfuil tosa “*which are both objective and ascertainable by third parties*” chun an toimhde sin a fhrisnéis go soiléir. Rud eile a dúirt an CBCE “*the mere fact that a company’s economic choices are or can be controlled by a parent company in another Member State is not enough to rebut that presumption*”.

I mí Iúil 2006 cuireadh críoch leis an dlíthíocht Éireannach (as ar eascair na himeachtaí CBCE i Lucsamburg) nuair a d’eisigh an Chúirt Uachtarach a breithiúnas deiridh²⁹. Ghlac an Chúirt le hargóintí na bpáirtithe lena n-áirítear an OSFC gur léir ó na príonsabail a chuir an CBCE i bhfocal gur chóir an t-achomharc a chaitheamh amach, sa dóigh go sheasfaí le cirte chinneadh Ard-Chúirt na hÉireann (i Márta 2004) gur chóir foirceannadh Eurofood IFSC Limited a chur i gcrích faoi dhlí na hÉireann seachas faoin dlí Iodálach.

Ba í dearcadh an OSFC go raibh toradh na dlíthíochta sásúil agus bhí an Stiúrthóir sásta gur ghlac sé páirt inti. Anois agus tuilleadh agus níos mó gnó ag trasnú teorainneacha lena n-oibríochtaí, teastaíonn creat dlí soiléir ó chreidiúnaithe agus ó infheisteoirí - agus ó na húdaráis fhioscacha agus rialaitheacha freisin – trína mbeadh siad in ann na hiarmhairtí ba dhóigh go leanfadh as dócmhainneacht chuideachta a mheas. Tá córas dócmhainneachta na hÉireann atá caomhchóirithe i leith an chreidiúnaithe ar cheann de na tosa a dhéanann go bhfuil sé tarraingteach iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí Éireannacha agus infheistíocht de chineálacha eile a dhéanamh iontu. De réir cosúlachtaí is dóigh, ar bhonn fasach Eurofood gurb é dlí dócmhainneachta na hÉireann agus an córas rialaithe agus maoirsithe Éireannach, a bheidh ina chreat infheidhme i bhformhór na gcásanna ina n-éiríonn dócmhainneacht i ndáil le cuideachtaí atá cláraithe in Éirinn ach atá ag trádáil in áiteanna eile san AE.

Sular liostáladh an saincheist seo, chuir an Stiúrthóir in iúl go raibh sé de rún aige an t-iarratas a chomhrac agus d’eisigh sé rún go scríosfaí an tOrdú Cúirte. I ndiaidh malartú cumarsáide idir an OSFC agus comhairleoirí dlí an leachtaitheora agus i ndiaidh d’ionadaí a theacht os comhair na Cúirte thar cheann an Stiúrthóra, chinn an leachtaitheoir

gan dul ar aghaidh lena rún maidir le costais i gcoinne an Stiúrthóra. Síleann an Stiúrthóir nach iomchuí an nós é a iarraidh é a nascadh le hiarratais dá leithéid agus tá sé de rún aige cur in aghaidh ceann ar bith nó an uile cheann dá leithéidí d’iarratais a thagann chun cinn amach anseo.

28 Tá cóip de bhreithiúnas CBCE ó 2 Bealtaine 2006 ar fáil i rannán na gCionta Cúirte de www.odce.ie/ga/court_insolvencies.aspx nó ag www.bailii.org/eu/cases/EUECJ/2006/C34104.html.

29 Maidir le Eurofood IFSC Limited agus maidir le hAcht na gCuideachtaí 1963 go 2001 [2006] IESC 41. Tá cóip de bhreithiúnas an Bheithimh Fennelly ó 3 Iúil 2006 ar fáil i rannán na gCionta Cúirte de www.odce.ie/ga/court-insolvencies.aspx (breithiúnas as Béarla amháin) nó ag www.bailii.org/ie/cases/IESC/2006/S41.html.

Ordú nochta i leith Duine nach Páirtí sa Chás é/í

Is ceanglas reachtúil é go dtionscnóidh leachtaitheoir iarratas ar shrianadh san Ard-Chúirt i gcoinne cibé stiúrthóirí lena mbaineann den chuideachta atá faoi leachtú dócmhainneach mura bhfuil scaoileadh ón oibleagáid sin faighte ag an leachtaitheoir ón OSFC. I mí na Nollag 2006, fógraíodh don Stiúrthóir go raibh rún maidir le follasú neamhpháirtí eisithe i gcoinne an Stiúrthóra ag stiúrthóirí freagróra a bhí ag tabhairt aghaidh ar imeachtaí srianta, rún a bhí ag iarraidh sonraí agus eolas i ndáil le toghairm na Cúirte Dúiche arna eisiúint ag an Stiúrthóir ina choinne i 2003. Thiomhdigh an stiúrthóirí freagróra go mbeadh an t-eolas a rabhthas ag iarraidh ina chabhair dó agus é ag cosaint ghné d'imeachtaí Ard-Chúirte an leachtaitheora.

Sula raibh an t-ábhar liostáilte, chuir an Stiúrthóir in iúl go raibh sé de rún aige a leithéid d'iarratas a chosaint go scafánta ar fhorais rúndachta agus neamhnochta reachtaigh. Ag leanúint as malartú cumarsáide idir an OSFC agus comhairleoirí dlí an stiúrthóra fhreagróra, scríosadh amach an follasú neamhpháirtí gan aon ordú maidir le costais. Ní mheasann an Stiúrthóir go bhfuil sé iomchuí do fhreagróirí in imeachtaí srianta follasú neamhpháirtí a iarraidh i gcoinne an OSFC, agus tá sé de rún aige iarratas ar bith nó gach iarratas dá leithéid a eascróidh amach anseo a chomhrac go scafánta.

Fo-aidhm 4.1: Maoirsiú a Dhéanamh ar Leachtaitheoirí agus iad i ag Comhall a nDualgas Cuí

Tuairiscíú Leachtaitheora faoi Alt 56

Tá ceangal de réir dlí ar leachtaitheoir cuideachtaí faoi leachtú dócmhainneach tuairisc a chur chuig an OSFC³⁰ maidir le forléasadh na cuideachta agus maidir le hiompar aon duine a bhí ina stiúrthóir ar an gcuideachta sna 12 mhí sular cuireadh faoi leachtú í. Ina theannta sin caithfidh an lechtaitheoir dul chuig an Ard-Chúirt le hordú srianta a iarraidh i leith gach ceann de na stiúrthóirí mura bhfuil scaoileadh ón oibleagáid sin faighte aige/aici ón OSFC. Measann an Oifig go bhfuil gá le scaoileadh nuair a chuireann an lechtaitheoir cosaint loighciúil faoina bráid a thacaíonn le dearbhú gur ghníomhaigh an stiúrthóir go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh aige/aici.

Tá próiseas tuairiscithe lechtaitheora agus an scóip atá aige léirithe go mion in dhá fhoilseachán de chuid an OSFC, Fógra Cinnidh D/2002/3 arna fhorlónadh ag Fógra Cinnidh D/2003/1. Ullmhaíodh na foilseacháin sin i ndiaidh próisis chomhairliúcháin phoiblí agus tá siad ar fáil ag an suíomh idirlín againn ag www.odce.ie/en/media_decision_notices.aspx (Béarla amháin).

Soláthraíonn **Aguisín 4.1.1** eolas staitistiúil faoi mhéid an tuairiscithe lechtaitheora i 2006. Fuarthas 971 tuarascáil lechtaitheora (1,009 in 2005). Díobh sin, ba thuarascálacha tosaigh 316 acu³¹ (327 i 2005) ó 87 lechtaitheoir, agus an chuid eile díobh, 655 (682 i 2005), ba thuarascálacha breise³² nó deiridh³³ iad faoi lechtuithe cuideachta.

Tháinig beagáinín feabhais ar tháirgeadh tráthúil na chéad tuarascála ag lechtaitheoirí ó 95% i 2005 go 96% i 2006. Rinne an Oifig monatóireacht freisin ar chur isteach tuarascálacha breise agus deiridh ag lechtaitheoirí. I dtaca leis na tuarascálacha uile a bhí dlite i 2006, chuaigh an Oifig i mbun cumarsáide foirmeálta le lechtaitheoirí 167 n-uaire (64 i 2005), rud a chuireann in iúl go raibh mainneachtain á dhéanamh acu maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla. Is i dtaca leis an méadú ar an bhfaireachán a rinne an Oifig seo go príomha agus í ag iarraidh a chinntiú go gcláródh lechtaitheoirí go gasta turascálacha breise a bhí fós gan chlárú a d'eascair an méadú sa chumarsáid.

Ina theannta sin chuaigh an Oifig i mbun cumarsáide le lechtaitheoirí 44 huairé i 2006 (23 i 2005) i ndáil lena loiceadh siúd a chur in iúl di go raibh iarratais ar shrianta curtha isteach i gcásanna nár dámhadh scaoileadh. Tugadh rabhaid fhoirmeálta do 13 lechtaitheoir (beirt i 2005) i gcaitheamh na bliana go dtionscnofaí imeachtaí dlí ina gcoinne dá leanfaidís lena loiceadh na hiarratais riachtanacha ar shrianta a chur isteach. I dtrí cinn de chásanna, tionscnaíodh imeachtaí dlí agus bhí dhá cheann de na cásanna sin fós gan réiteach ag deireadh na bliana.

Bhí caighdeán na dtuarascálacha lechtaitheora a fuarthas sásúil den chuid is mó i 2006. Déantar monatóireacht ar an réimse seo go tráthrialta chun éifeachtúlacht an tuairiscithe lechtaitheora a choimeád slán.

Ceisteanna eile maidir le Lechtaitheoir agus Glacadóir

Mar a cuireadh in iúl níos luaithe fuarthas seacht gcinn de thuarascálacha i 2006 faoi alt 299 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú). Bhain an seacht dtuarascáil le seacht gcuideachta agus tháinig siad ó sé lechtaitheoir. Ní dhearna

30 Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001.

31 Is éard is tuarascáil tosaigh ann a chéad tuarascáil a fhaightear ó lechtaitheoir taobh istigh de sé mhí ón uair a cheaptha agus i bhformhór na gcásanna is ar bhonn na tuarascála sin a dhéantar cinneadh faoi dhámhachtain scaoilte. I roinnt cásanna dámhtar 'scaoileadh ag an am seo' leis an mbealach a réiteach don lechtaitheoir chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh.

32 Faightear tuarascáil breise ó lechtaitheoir de ghnáth sé mhí ina dhiaidh do 'scaoileadh ag an am seo' a bheith dáfa agus dhá mhí dhéag ina dhiaidh mura bhfuil cinneadh déanta maidir le scaoileadh a dhámhachtain nó gan a dhámhachtain. Is ar an mbealach sin a dhéanann an OSFC monatóireacht ar dhul chun cinn i ndáil le lechtú dócmhainneach. Os rud é gur ar bhonn na tuarascála tosaigh a bheadh an bunchinneadh déanta maidir le lechtaitheoir a scaoileadh nó gan a scaoileadh ón oibleagáid imeachtaí srianta a thionscnamh is le 'scaoileadh' a bhainfidh formhór na gcinntí maidir le tuarascálacha breise. Eisceacht maidir leis sin is ea nuair a bhí 'scaoileadh ag an am seo' dáfa níos luaithe d'fhonn a éascú don lechtaitheoir breis fiosrúchán a dhéanamh.

33 Faightear tuarascáil deiridh ó lechtaitheoir ceithre seachtaine roimh chruinnithe deireanacha nó roimh díscáil deireanach más lechtú Cúirte atá sa lechtú. Seo cleachtas monatóireacht dheiridh don OSFC sula díscáiltear cuideachta dócmhainneach.

aon ghlacadóir aon tuarascáil faoi alt 299. Cuireann tuarascálacha den chineál sin, má dhéantar iad, an tuairim in iúl go bhfuil cion coiriúil déanta i ndáil leis an gcuideachta ag oifigeach atá anois inti nó a bhí nó ag comhalta dá cuid a bhfuil sé/sí faoi dhliteanas coiriúil ina leith.

Ní fuair an OSFC aon tuarascáil i 2006 ó chomhlachtaí gairmiúla forordaithe maidir le hamhras faoi mhí-iompar leachtaitheora nó glacadóra de bhun alt 58 d'Acht na bliana 2001.

Ní dhearna an OSFC aon iarracht teacht ar leabhair nó ar dhoiciméid leachtaitheora³⁴ nó glacadóra³⁵ i 2006.

Fo-aidhm 4.2: Measúnú ar Iompar Stiúrthóirí i gCúinsí Leachtaithe Dhóchmhainnigh

D'eisigh an OSFC cinntí i gcás 954 tuarascáil leachtaitheora i 2006 (942 i 2005) agus díobh siúd ba thuarascálacha tosaigh ó leachtaitheoirí 319 acu (317 i 2005) agus ba thuarascálacha breise nó deiridh 635 acu (625 i 2005). Taispeánann sin láimhdeachas comhsheasmhach idir 2005 agus 2006.

Cinntí OSFC i leith Scaoilte

Maidir leis na 319 dtuarascálacha tosaigh a cinntíodh is mar seo a leanas a bhí na cinntí i leith scaoilte i 2006 (i gcomórtas le 2005):

Cineál an Chinnte	2005	%	2006	%
Scaoileadh iomlán ³⁶	194	61%	190	60%
Gan scaoileadh ³⁷	49	16%	40	13%
Scaoileadh 'ag an am seo' ³⁸	58	18%	78	24%
Scaoileadh Páirteach ³⁹	13	4%	10	3%
Cinntí eile	3	1%	1	0%
Iomlán	317	100%	319	100%

Tá na figiúirí arna gcur in iúl cosúil leis na torthaí ó 2005. Tá an t-athrú sa chomhréir 'gan scaoileadh' nó 'páirt-scaoileadh' (ó 20% go 16%) idir 2005 agus 2006 faoi seach agus cásanna 'scaoileadh iomlán' (ó 61% go 60%) i

gcothromaíocht leis an méadú i gcinntí 'scaoileadh 'ag an am seo' (ó 18% go 24%). Is é an méadú i líon na n-iarratas leachtaitheora ar bhreis ama chun an iniúchadh ar chúrsaí na cuideachta a thabhairt chun críche agus i gcásanna áirithe ceangal a chuirtear ar an oifig seo ceisteanna áirithe a thaiscéaladh ar bhonn níos iomláine le leachtaitheoir is mó is cúis leis sin.

Agus tuarascálacha leachtaitheora á mheas, bíonn an OSFC i bhfách a chinntiú go háirithe nach mbíonn éisteacht Ard-Chúirt nach bhfuil gá léi tarraingthe anuas ar dhaoine ar thaispeáin go soiléir go raibh siad á n-iompar féin go macánta agus go freagrach agus cúrsaí cuideachta arna loiceadh á stiúradh acu fiú má chaill daoine eile de bharr an loicthe. Ag an am céanna bíonn foireann na hOifige i bhfách le dearbhú a fháil go mbíonn imthosca loiceadh na cuideachta imscrúdaithe mar is cúig ag leachtaitheoirí, go háirithe aon amhras faoi mhí-iompar agus faoi mhífhreagracht ó thaobh stiúrthóirí na cuideachta. Mar sin chomh fada agus is féidir tá an Oifig ag iarraidh a chinntiú go ndéantar moladh cuí maidir le scaoileadh i ngach cás.

Ar ndóigh ní cinneadh maidir le macántacht nó freagracht na stiúrthóirí lena mbaineann na cinntí a dhéanann an OSFC maidir le 'gan scaoileadh' agus 'scaoileadh páirteach' agus bheadh sé míchuí aon tatal nó aon chonclúid a tharraingt astu. Is faoin Ard-Chúirt a chinneadh (tar éis fianaise an leachtaitheora agus míniúcháin stiúrthóirí cuideachta a éisteacht) más ceart dearbhú srianta a dhéanamh i gcás aon stiúrthóir cuideachta faoi leith.

Tá liostanna iomlána de na cuideachta ar deonaíodh scaoileadh iomlán agus scaoileadh 'ag an am seo' ina leith i 2006 ar fáil ar an suíomh idirlín i bhFógra Eolais I/2007/1 dar teideal "Tuarascálacha Alt 56" ag www.odce.ie/en/media_information_notices.aspx (Béarla amháin).

Ar Lorg Cinntí Cúirte faoi na hIarratais Srianta

I 2006 chinn an Ard-Chúirt 80 gcás ina ndearna an OSFC cinneadh 'gan faoiseamh' nó cinneadh 'páirtfhaoiseamh' cheana; na cásanna a bhí fágtha bhí siad ar feitheamh os comhair na Cúirte nó bhí siad fós gan bheith tionscanta. Maidir leis na cásanna ar éisteacht leo, chuir an Ard-Chúirt ordú srianta nó dícháilithe ar dhuine amháin nó níos mó de na stiúrthóirí i 66 gcás .i. i 83% de na cásanna. Ní dhearnadh aon ordú srianta i leith na 14 chás eile .i. 17% den iomlán. Bhí na torthaí sin ag teacht go ginearálta leis na torthaí i 2005.

34 Faoi alt 57 den Acht um Fhorfeidhmíú Dlí Cuideachtaí, 2001.

35 Faoi alt 323A d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna chur isteach ag alt 53 d'Acht na bliana 2001).

36 Dámhadh scaoileadh iomlán nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag stiúrthóirí uile na cuideachta dócmhainn gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

37 Níor dámhadh scaoileadh nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, nach raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag aon cheann de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainn gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

38 Dámhadh scaoileadh 'ag an am seo' i gcásanna ina raibh an OSFC sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun na cúinsí ba chúis le forléasadh na cuideachta a fhiosrú mar ba chúig. Cuireann an OSFC ceangal ar leachtaitheoirí den chineál sin an dara tuarascáil a chur isteach; déantar cinneadh nua maidir le scaoileadh ina dhiaidh sin.

39 Dámhadh scaoileadh páirteach nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta ag roinnt de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainn gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu cé nach raibh sin déanta ag stiúrthóirí eile.

Maidir le stiúrthóirí aonair, cuireadh ordú srianta ar 107 stiúrthóir⁴⁰, dícháilíodh seachtar stiúrthóir⁴¹ agus cuireadh idir ordú srianta agus ordú dícháilithe ar bheirt stiúrthóir. Sin 77% de na 150 stiúrthóir a bhí a gcás ina n-ábhar d'imeachtaí srianta nó dícháilithe. Ní dhearnadh ordú srianta i leith an chuid eile de na 34 stiúrthóir.

Fáiltíonn an Stiúrthóir leis an rath a bhí ar obair roinnt leachtaitheoirí i 2006 a thionscain imeachtaí dícháilithe i

gcoinne naonúr stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha toisc go raibh údar dar leo le pionós níos déine mar gheall ar chineál an mhí-iompair a bhí léirithe. Tá súil leis an Stiúrthóir go dtionscnófar breis chásanna dícháilithe i 2007 nuair is mí-iompar thar bheith tromchúiseach atá i gceist. Cuireann **Léiriú 4.2.1** a ghabhann leis seo tuilleadh eolais ar fáil faoi chásanna inar bhain leachtaitheoirí orduithe dícháilithe amach ag éirí as imeachtaí faoi alt 56 i 2006.

Léiriú 4.2.1: Cuideachtaí Dócmhainneacha: Dícháilithe Leachtaitheora i 2006

Cuireadh ordú dícháilithe ar feadh 15 bliana (laghdaithe go 13 bliana) ar Daniel Jones, stiúrthóir ar Lee View Communications Limited. Bhí baint ag an Uasal Jones le calaois mhór CBL san RA inar úsáideadh cuideachtaí gaolmhara. Breis ar £197 milliún stg. an láimhdeachas arna taifeadadh. Cuireadh airgead áirithe ón gcuideachta chun malairt úsáide ar mhaithe le 'daoine neamhaitheanta'. Laghdáíodh an téarma go 13 bhliain, tar éis nár chuir sé i gcoinne an iarratais ar dhícháiliú.

Chuir an Ard-Chúirt téarma dícháilithe ar Michael Kirrane, stiúrthóir Dillonbrook Estates Limited a bhfuarthas amach gur aitreogh sé fáltais diúscairt sócmhainne dó féin via iasachtaí stiúrthóirí thar thréimhse fada. Sheachain sé dá réir dliteanas cánach agus sháraigh sé forálacha na n-Achtanna Cánach agus Achtanna na gCuideachtaí. Nuair a bhí na sócmhainní uile diúscairthe mhaigh an tUasal Kirrane nach raibh sé in ann na hiasachtaí de níos mó ná €1.5 milliún a aisic, agus cuireadh an chuideachta faoi leachtú. Cuireadh ordú srianta ar feadh cúig bliana ar stiúrthóir eile.

Chuir an Ard-Chúirt ordú dícháilithe ar feadh seacht mbliana ar Hugh Hannigan, iarstiúrthóir bainistíochta ar Irish Chrome Industries Limited. Cuireadh srianadh air freisin agus ar a chomhghleacaí stiúrthóra ar feadh cúig bliana mar gheall ar an mbaint a bhí aige le cuideachta ghaolmhar, Status Hydraulics Limited. Bhí imeachtaí srianta i gcoinne stiúrthóir eile, an tríú stiúrthóir neamh-Ghaelach fós ar siúl ag deireadh na bliana. Thug an fhianaise le tuiscint gurb é an tUasal Hannigan go príomha a bhí freagrach as loiceadh maidir le leabhair agus le taifid chúí a choinneáil agus gur tharla idirbhearta mírialta idirchuideachta agus idirbhainc tráth arbh eisean a bhí i mbun dlúthmhaoirsithe agus dlúthrialaithe. Rinne gnóthas cuntasáíochta dá chuid iniúchtaí cuideachta i dtréimhse airgeadais amháin de shárú ar cheangail Achtanna na gCuideachta maidir le neamhspleáchas.

Thoiligh tríur stiúrthóir cuideachta le dícháiliú ar feadh cúig bliana i ndáil le cúrsaí cuideachta tógála tithe cónaithe dá gcuid, Tom Driver & Son (Builders) Limited. Níor choinnigh an chuideachta aon taifid a ligfeadh dóibh ainmneacha daoine a chur le hidirbhearta suntasacha seic de €443,000 a tarraingíodh i bhfabhar 'airgead tirim', agus ní fuarthas aon mhíniú sásúil ó na stiúrthóirí maidir leis na seiceanna sin.

Dícháilíodh beirt stiúrthóirí ar Nationwide Transport Limited, Jason Larkin agus Gerard Whelan ar feadh cúig bliana an duine. Bhí fianaise ann maidir le gníomhaíocht athbheochana shubstaintiúil a tharla arís agus arís eile agus a rinneadh d'aon uaim idir an chuideachta seo agus cuideachtaí teachtaire a bhí ann níos luaithe. Nochtaigh iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim dliteanas cánach de €273,000; rinneadh mainneachtain maidir le leabhair chúí chuntais a choinneáil agus maidir le tuairisceán bliantúil a chlárú.

Cuireadh ordú dícháilithe ar feadh dhá bhliain ar leith agus ordú srianta ar feadh cúig bliana ar Donal Harrington, stiúrthóir ar Beta Rose Limited, a d'oibrigh bialann agus áitreabh ceadúnaithe. Chruthaigh sé an dara cuideachta den chineál cuideachta athbheochana a bhí maoinithe ag éarlais chíosa agus ag stoc ón gcuideachta bhunaidh le go mbeadh sé in ann leanúint ag trádáil ón áitreabh.

Chomh maith leis na 109 ndaoine ar cuireadh srianadh orthu mar thoradh ar imeachtaí de bhun alt 56, chuir an Ard-Chúirt srianadh ar ocht nduine breise in imeachtaí neamhghaolmhara. Cé go raibh 113 dhuine nua curtha faoi shrianadh i 2006, ní raibh de mhéadú glan i gClár na

nDaoine Srianta san Oifig um Chlárú Cuideachtaí ach 85 dhuine, de bhrí go raibh a dtéarmaí srianta istigh ag daoine a cuireadh srianadh ar feadh 5 bliana orthu níos luaithe. Léirítear sa tábla a leanas an méadú glan i líon na ndaoine srianta ó dheireadh na bliana 2002.

40 Sa chás go bhfuil duine aonair srianta, is féidir leis/léi gníomhú mar stiúrthóir nó mar rúnaí ar chuideachta ar feadh tréimhse chúig bliana ina dhiaidh sin ar an aon choinníoll amháin go dtagann an chuideachta sin le riachtanais chaipitlithe íosta áirithe. I gcás cuideachta príobháidí, teastaíonn íosmhéid scairchaipitil ghlaite de €63,487. I gcás cuideachta poiblí teoranta is é €317,435 an figiúr comhfhreagrach. Chomh maith leis sin caithfear an scairchaipiteal glaoite a íoc ina iomláine in airgead tirim. Ceadáíonn ordú srianta do dhaoine aonair áis a bhaint as leasanna dliteanas teoranta ar bhonn leanúnach. Má sháraíonn duine srianta na coinníollacha caipitlithe áfach, d'fhéadfadh sé/sí bheith ciontaithe i gcion indíotáilte, d'fhéadfadh fineáil bheith gearrtha air/uirthi agus é/í a bheith dícháilithe ar feadh cúig bliana.

41 Más í an Ard-Chúirt a dhícháilíonn duine coisctear an té sin ar bheith ceaptha nó ar ghníomhú mar iniúcháir, stiúrthóir nó mar oifigeach eile, mar ghlacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir agus ar bheith bainteach ar bhealach ar bith bíodh sé go díreach nó go hindíreach le cur chun cinn, le foirmiú nó le bainistíocht aon chuideachta nó aon chumainn atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair. Duine atá dícháilithe agus a sháraíonn ordú Cúirte dlífeair é a chiontú agus a dhícháiliú ar feadh deich mbliana.

Líon na Stiúrthóirí a bhí stádas srianta acu ó dheireadh 2002 go deireadh 2006 go huile

Deireadh 2002	Deireadh 2003	Deireadh 2004	Deireadh 2005	Deireadh 2006
54	295	487	600	685

Coinníonn Cláraitheoir na gCuideachtaí cláir na ndaoine srianta agus dícháilithe chun dáta agus tá áis chuardaigh phoiblí ar líne le haghaidh na gclár sin ar fáil ag www.cro.ie.

Maidir le himeachtaí i leith srianta ar cuireadh críoch leo os comhair na hArd-Chúirte i 2006 léiríonn **Aguisín 4.2.1** den Tuarascáil seo an toradh a bhí ar chásanna inar ordáíodh srianadh agus cuireann ainmneacha na ndaoine a bhí i gceist ar fáil.

Léiríonn **Aguisín 4.2.2** den Tuarascáil seo an toradh a bhí ar na cásanna inar baineadh amach orduithe dícháilíochta ar iarratas ó leachtaitheoir ag éirí as próiseas alt 56. Ainmníonn an tAguisín freisin na daoine a bhí i gceist.

Ainmníonn **Aguisín 4.2.3** den Tuarascáil seo na cuideachtaí ar chinn an Ard-Chúirt ina leith i 2006 nár cheart srianadh a chur ar aon cheann dá stiúrthóirí.

Scaoileadh ó Shrianadh

Féadfaidh stiúrthóir atá srianta iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt ar scaoileadh iomlán nó páirteach ó shrianadh taobh istigh de bhliain amháin ón uair a rinneadh an t-ordú srianta. Féadfaidh an Ard-Chúirt má mheasann sí go bhfuil sé cóir cothromasach é sin a dhéanamh scaoileadh dá leithéid a dhámhadh ar cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasann sí a bheith iomchuí⁴².

Sa chéad bhreithiúnas dá leithéid le tamall anuas, dheonaigh an Ard-Chúirt scaoileadh páirteach d'iarstiúrthóir ar Xnet Information Systems Ltd.⁴³ ar cuireadh faoi shrianadh é i 2004. Chuir an OSFC i gcoinne an iarratais ar scaoileadh. Le linn di cinneadh a dhéanamh an ceanglas caipitliú cuideachta a laghdú ó €63,487 go €7,500, cheangail an Chúirt roinnt coinníollacha eile leis, lena n-áirítear an ceangal ar an stiúrthóir dá gceapfaí ina stiúrthóir nó ina rúnaí é ar aon chuideachta nua le linn dó bheith faoi réir srianadh leantach, é sin a fhógairt don OSFC.

Leanfaidh an Stiúrthóir leis ag déanamh monatóireachta ar iarratais ar scaoileadh agus beidh sé ag féachaint d'idirghabháil a dhéanamh i gcásanna iomchuí chun comhleanúnachas an chórais srianta reachtúla láithrín a choinneáil.

Ar Lorg Stiúrthóirí nach bhfuil ag cloí le Coinníollacha Srianta

Mar a cuireadh in iúl níos luaithe sa Tuarascáil seo dhearbhaigh fiosrúcháin an OSFC go bhfuil roinnt daoine srianta ag gníomhú de shárú ar na gceangail reachtúla. Shaothraigh an Oifig roinnt de na cásanna sin i 2006 agus bhain amach roinnt ciontuithé agus orduithe dícháilithe dá bharr.

Orduithe Dícháilithe Measta

Foráiltear sa dlí⁴⁴ má chiontaítear duine ar díotáil in aon chion indíotáilte a bhaineann le cuideachta, nó a mbaineann calaois nó mímhacántacht leis, go measfar é/í a bheith faoi réir ordú dícháilithe ar feadh tréimhse chúig bliana ó dháta an chiontaithe nó ar feadh cibé tréimhse eile a ordóidh an chúirt, ar iarratas ón ionchúisitheoir. Tá níos mó ná 1,780 duine (1,000 ag deireadh na bliana 2005) liostáilte anois ar Chlár na nDaoine Dícháilithe agus meastar thart ar 1,675 díobh sin a bheith dícháilithe, 74 acu dícháilithe le hOrdú na hArd-Chúirte, 21 acu dícháilithe de bhrí gur loic siad a ndícháiliú a chur in iúl i ndlínse eile agus 10 dícháilithe ar an bhforas gur ghníomhaigh siad mar stiúrthóirí le linn dóibh bheith dícháilithe.

Fo-aidhm 4.3: Pionós a Ghearradh i leith Iompar Calaoiseach nó Maslach

Réamhrá

Mar a cuireadh in iúl níos luaithe i dtuarascáil Bhliantúil 2005 ní bheadh aon deacracht ag an OSFC go bunúsach le himthosca ina gcuireann stiúrthóirí gluaiseacht in athuair faoi ghnó i ndiaidh deireadh a chur go rialta leis an tionscadal a bhí ann roimhe sin (m.sh. trí chuideachta a chur faoi leachtú nó b'fhéidir trí chuid de shochair na cuideachta a bhí ar fáil ón leachtaitheoir a cheannach uaidh ar ráta an mhargaidh). Is fíor ar fad a rá gurb é an rud a bhfuil sí ag tabhairt aghaidh air na cásanna ina gcuireann stiúrthóirí gluaiseacht faoi ghnó in athuair beag beann ar na dualgais atá acu faoi dhlí cuideachta agus ar na hoibleagáidí airgeadais agus eile atá orthu i leith duine nó níos mó de na páirtithe leasmhara sa chuideachta loicthe.

42 Alt 152 d'Acht na gCuideachtaí 1990

43 Maidir le Xnet Information Systems Limited (Faoi Leachtú Deonach) agus Maidir Le hAlt 152 d'Acht na gCuideachtaí 1990: Aidan Higgins v. James Stafford agus an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach [2006] IEHC 289. Tá cóip de bhreithiúnas an Bheithimh O'Neill ó 10 Deireadh Fómhair 2006 ar fáil i rannán na gCionta Cúirte de www.odce.ie/en/court_restrictions.aspx (Béarla amháin) nó ag www.bailii.org/ie/cases/IEHC/2006/H289.html.

44 Alt 160(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

Torthaí a d'fhéadfadh bheith ar a leithéidí de chleachtais 'athbheochana' is ea:

- saobhadh a chur sa mhargadh gnó infheidhme, toisc go bhfuil an chuideachta 'athbheochana' ag baint áise as costais níos lú ná costais an mhargaidh agus toisc go mbeidh sí in ann buntáiste mífhéarálte ó thaobh iomaíochta a bhaint amach sa mhargadh dá bhrí sin;
- creidiúnaithe a fhulaingíonn cailteanas airgeadais agus go mb'fhéidir go loicfidh cuid acu dá dheasca, agus
- stiúirthóirí gan dliteanas pearsanta as na cailteanais tráchtála nó a éalaíonn ar aon bhealach eile ó fhreagracht as an loiceadh.

Mar a léiríodh thuas chuaigh roinnt leachtaitheoirí go gníomhach i mbun oibre ag fáil orduithe dícháilithe i gcoinne stiúirthóirí na gcuideachtaí athbheochana. Rinneadh an OSFC an obair seo a chomhlánú trí aghaidh a thabhairt ar chatagóir na mí-úsáide poitéinsíúla a dhéanann feiniméan na gcuideachtaí dócmhainneacha atá "bainte de" tagairt dó.

Cuideachtaí atá "Bainte de" Chlár na gCuideachtaí

Is éard atá i gceist leis an gcatagóir seo cuideachtaí nach bhfuil faoi leachtú ach atá díscailte tar éis dóibh bheith bainte de Chlár na gCuideachtaí de bhrí gur theip orthu tuairisceán bliantúil a chlárú leis an OCC. Mar thoradh ar an loiceadh tuairisceán bliantúil a chlárú, níl dóthain eolas airgeadais ar fáil don phobal, do chreidiúnaithe agus d'údaráis rialaitheacha i dtaobh na gcuideachtaí atá bainte den Chlár agus i dtaobh a gcuid dliteanas ag am a mbainte den Chlár. Tharlódh sé go mbunódh roinnt de na stiúirthóirí atá i gceist cuideachta 'athbheochana' sa réimse chéanna ghnó nó i réimse ghnó cosúil leis an gceann ina raibh an chuideachta thréigthe ag feidhmíú.

Stiúirthóirí dá leithéidí de chuideachtaí arna mbaint den Chlár, tá siad incháilithe le bheith dícháilithe le gníomhú mar stiúirthóirí cuideachta i gcomhréir le halt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus féadfaidh an OSFC na gníomhaíochtaí sin a thionscnamh. Cuireann an dlí toirmeasc ar an Ard-Chúirt áfach duine a dhícháiliú a thaispeánann don Chúirt nach raibh aon dliteanais ar an gcuideachta ag am a bhainte den Chlár nó go raibh na dliteanais sin urscaoilte sular tionscnaíodh an t-iarratas ar dhícháiliú.⁴⁵ Le linn bheith ag breithniú an phionóis a ghearrfar féadfaidh an Chúirt mar mhalairt ar an dícháiliú dearbhú srianta a dhéanamh i gcoinne na stiúirthóirí.⁴⁶

I rith na bliana 2006, bhain an Oifig ordú dícháilithe amach i gcoinne naonúr stiúirthóirí, iad uile go léir ar feadh tréimhse chúig bliana maille le srianadh ar feadh cúig bhliana ar bheirt

stiúirthóirí ar chuideachtaí a bhí bainte den Chlár. Ag deireadh na bliana 2006 bhí ocht gcinn de chásanna os comhair na hArd-Chúirte lena n-áirítear roinnt imeachtaí a bhí ann den chéad uair is a bhain le stiúirthóirí ar an iliomad cuideachtaí a bhí bainte den Chlár. Bhí go leor cásanna breise fós gan dúnadh ag deireadh na bliana agus tá súil leis go dtionscnofar roinnt cásanna eile os comhair na Cúirte i 2007. Tá mionsonraí in **Aguisín 3.3** den Tuarascáil seo maidir leis na naoi n-ordú dícháilithe agus leis an dá ordú srianta a baineadh amach.

Ní eascraíonn caingean chúirte as gach cás a bhaineann le cuideachta arna baint den Chlár a dhéanann an Oifig imscrúdú air. I roinnt cásanna bíonn na hiarstiúirthóirí in ann a thaispeáint go raibh na dliteanais uile socraithe ag am bainte den chlár nó sular cuireadh tús le haon imeachtaí Cúirte. Chuige sin teastaíonn ullmhúchán agus cur isteach na gcuntas cuí, cuntais a théann na blianta siar go minic, ina thaispeántar trádáil na cuideachta sa tréimhse ó cuireadh an tsraith dheireanach cuntas chuig an OCC nó ó rinneadh an t-ionchorprú i gcásanna nár cuireadh cuntais isteach riamh chuig an OCC. Tá sé de cheangal freisin ar na hiarstiúirthóirí a thaispeáint go bhfuil na creidiúnaithe uile íoctha nó go bhfuil réiteach déanta agus is minic go dteastaíonn fíorú ó chreidiúnaithe aonair go bhfuil sin déanta. I roinnt cásanna, i ndiaidh don OSFC idirghabháil a dhéanamh, ghlán na hiarstiúirthóirí na fiacha a bhí amuigh ag chreidiúnaithe le himeachtaí dícháilithe a sheachaint.

I roinnt beag cásanna a ndearna an Oifig scrúdú orthu, rinne na hiarstiúirthóirí iarracht a gcúrsaí a thabhairt chun rialtachtá tríd an gcuideachta a bhí bainte de a chur ar ais ar Chlár na gCuideachtaí. Mar chuid den nós imeachta sin ullmhaítear agus cuirtear isteach chuig an OCC na tuairisceáin bhliantúla uile atá fós gan bheith curtha isteach, íoctar na táillí a ngearrtar de bharr an chláráithe ródheireanaigh agus cuirtear iarratas foirmeálta chuig an Ard-Chúirt go mbí an chuideachta curtha ar ais ar Chlár na gCuideachtaí

I roinnt mhaith cásanna ba léir gur bhain iarstiúirthóirí úsáid as an bpróiseas ainneonach le bheith bainte den chlár mar mheicníocht chun struchtúr corparáideacha a scor gan dul i muinín meicníochtaí foirmeálta leachtaithe eile nó bheith bainte go deonach den Chlár. I roinnt de na cásanna sin mhaígh na hiarstiúirthóirí go ndearna siad é sin ar bhonn comhairle ghairmiúil a fuair siad. Is mian leis an Stiúirthóir a shoiléiriú nár chóir go mbreathnófaí ar bheith bainte den chlár go hainneonach mar ghníomh malartach seachas scor foirmeálta cuideachta agus daoine a ghabhann an bealach sin is dóigh anois go roghnóidh an OSFC iad le haghaidh imeachtaí dícháilithe agus dá réir is dóigh go dtarraingeoidh siad ordú dícháilithe orthu féin nó an caiteachas a ghabhann

⁴⁵ Alt 160(3A) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

⁴⁶ Alt 160(9A) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

le hullmhúchán cuntas agus dearbhuithe agus le staid a gcúrsaí a chosaint san Ard-Chúirt. Níor chóir go mbreathnófaí ar bheith bainte go hainneonach den chlár mar mheicníocht atá ar fáil do stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha chun an iniúchadh a dhéantar ar iompar stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú de réir próiseas alt 56 a bhfuil cur síos déanta air cheana a sheachaint.

Má bhaintear cuideachtaí de Chlár na gCuideachtaí, beidh sócmhainní gach cuideachta dílsithe don Aire Airgeadais de réir fhorálacha na n-Achtanna Maoine Stáit. Is é an polasaí atá ag an Oifig aird na Roinne Airgeadais a tharraingt ar chásanna ina raibh sócmhainní suntasacha i seilbh cuideachta tráth a bainte den Chlár.

Conclúid

Bhí baint díreach ag 107 n-ordú srianta agus 18 n-ordú dícháilithe stiúrthóra le cuideachtaí dócmhainneacha i 2006 agus is léir ó sin go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí ag an OSFC i gcomhar le leachtaitheoirí agus leis na Cúirteanna maidir le cosc a chur le hiompar mífhreagrach agus mídhleathach sa réimse sin ar mhaithe le hordú maith sa mhargadh tríd is tríd.

Aidhm 5 – Seirbhísí den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

Réamhrá

Tugadh tús áite i gcónaí i 2006 d'aidhm an OSFC seirbhísí den scoth a sholáthar dá custaiméirí. Ciallaíonn seirbhís chustaiméara sa chomhthéacs seo seirbhísí a sholáthar don phobal agus d'fhoireann na hOifige lena chinntiú go bhfuil an bonneagar is gá ann le feidhmeanna na hOifige a fheidhmiú go héifeachtúil agus go héifeachtach. Tá léirithe thíos na gnéithe is tábhachtaí dár seirbhísí corparáideacha i 2006, seirbhísí atá i mbéal forbartha.

Fo-aidhm 5.1: Acmhainní OSFC a Dhaingniú agus a Bhainistiú

Foireann

Bhí líon foirne an OSFC ábhairín níos lú ná an leibhéal iomlán ceadaithe de 37 ar feadh cuid mhaith de 2006 toisc go rabhtas mall ag cur baill foirne nua in áit na mball a d'imigh. Tá briseadh síos curtha ar fáil in **Aguisín 5.1.1** de choibhéisí fhoireann lánaimseartha na hOifige de 34.8 ag deireadh na bliana.

Ina theannta sin chuathas i dteagmháil i rith na bliana leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta maidir leis an aighneacht le haghaidh acmhainní breise foirne a chuir an OSFC isteach i mBealtaine 2005. Mar chuid den teagmháil sin cuireadh doiciméad uasdátaithe ar fáil agus seoladh ar aghaidh chuig an Roinn é i mí Lúnasa 2006. Ag deireadh na bliana bhíothas fós ag fanacht ar chinneadh cinntitheach mar gheall ar an aighneacht sin.

Is mian leis an Stiúrthóir an obair thábhachtach a rinne Jim Clavin, Mary Farrell, Damien Kelly, Seán Melia, Geraldine Noone, Pauline Smith agus Donal Sullivan le linn dóibh bheith fostaithe san Oifig a admháil. D'fhág an seachtar an Oifig i 2006 chun tabhairt faoi dhúshláin nua.

Acmhainní Airgeadais

Is trí Fhómhírcheann A09 de Vóta 34 (An tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta) a rinneadh costais riaracháin na hOifige a mhaoiniú i 2006. Tá achoimre sa tábla a leanas ar na suimeanna a cionroinneadh agus a caitheadh i dtaca leis na ceanteidil Phá agus Neamhphá. Tá briseadh síos níos mine ar fhigiúirí na bliana 2006 in **Aguisín 5.1.2**.

Fomhírcheann A09, Vóta 34	Leithroinnt 2006 (€000s)	Caiteachas 2006 (€000s)
Pá	1,899	1,915.3
Neamhphá	2,814	1,440.4
Iomlán	4,713	3,355.7

Ar dú de 16% a bhí san iomlán de bheagáinín níos mó ná €3.355 milliún i gcomórtas leis an bhfigiúir choibhéise de €2.899 milliún i 2005. Bhí an chuid is mó den ardú inchurtha i leith ardaíthe ar chostais dlí agus ar chostais seirbhísí gairmiúla eile a thacaíonn le sainchúram na hOifige ach mar sin féin bhí na costais sin níos lú ná an méid a bhí cionroinnte ar dtús. Tá súil leis go mbeidh ardú breise ar an toradh sa bhliain 2007 i gcomórtas le 2006 de bharr imeachtaí dlí atá ar siúl agus de bharr iadsan a mbeifí ag súil leo. I gcomhréir le Gnásanna Cuntasaíochta an Rialtais, géillleadh an barrachas de €1.357 milliún ag deireadh na bliana 2006.

Dul chun cinn Eagraíochtúil

Rinneadh uasghrádú agus leathnú ar bhunachar sonraí na hOifige (a thairfeadann na cásanna braite, forfheidhmithe agus dócmhainneacha agus a chuireann lorg ar a ndul chun cinn) agus rinneadh tástáil chuimsitheach ar an uasghrádú sin i rith na bliana 2006. Tá sé beartaithe an córas nua sin a chur i bhfeidhm, rud a chuirfidh feabhas breise ar ábaltacht na hOifige eolas maidir le cásobair cibé ar siúl nó ar lean di a dháileadh ar an bhfoireann.

D'earcaigh an OSFC saineolaithe seachtracha in athuair i 2006 chun cuidiú léi go háirithe san obair fiosrúcháin agus forfheidhmithe. Choinnigh an OSFC na Painéil Chuntasóirí agus Dlíodóirí ina bhfuil ainmneacha na ndaoine agus na ngnóthas ar mhian leo go gcuirfí san áireamh iad le haghaidh sannadh fóirsteanach sainghairme. Bíonn na painéil sin oscailte d'iarratasóirí ar mhian leo a leithéid de sheirbhís a chur ar fáil don Oifig, agus tá sé beartaithe feachtas fógraíochta a dhéanamh in athuair go luath i 2007 chun daoine a léireoidh a spéis a aimsiú.

Plean Gnímh maidir le Bainistiú Baoil

Chomhoibrigh an OSFC i gcomhar leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i rith na bliana 2006 ag athbhreithniú agus ag déanamh breis uasdátaithe ar phleananna bainistíocht bhaoil na hOifige. Is de bharr moltaí i dtuarascáil Mullarkey a rinneadh sin, moltaí a dhéileáil le saincheisteanna freagrachta sna réimsí rialú airgeadais inmheánaigh, socruithe iniúchta inmheánaigh agus bainistíocht bhaoil.

Fo-aidhm 5.2: Foireann a Chur chun Cinn

Bainistíocht Feidhmíochta

Is í an Oifig a chuireann i bhfeidhm an Córas Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha a fheidhmíonn ar fud na Ranna agus na hOifige Rialtais uile. Baineann an córas seo go díreach le Plean Gnó na hOifige agus cinntíonn sé soiléireacht maidir le cuspóirí agus nascann sé riachtanais oiliúna go díreach le ról gach ball foirne.

I 2006, soláthraíodh 69 lá oiliúna as acmhainní OSFC do 26 bhall foirne ar fud na ngrád uile. Chuir an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta 48.5 lá breise oiliúna ar fáil do 17 mball foirne an OSFC; bhain 22.5 lá díobh sin le hoiliúint maidir le TE, oiliúint a chuaigh chun leasa ochtar ball foirne an OSFC. Reáchtáladh seimineáir san Oifig féin faoi ábhair éagsúla a bhain le hobair na Roinne, na hOifige agus leis an tseirbhís poiblí go ginearálta.

Obair Mheithealbhunaithe

Lean foirne ildisciplíneacha le bheith ag oibriú laistigh den OSFC chun méid mór chásobair na hOifige i réimsí an bhraite, na forfheidhmithe agus na dócmhainneacha a láimhseáil. Tá léiriú pictiúrtha de réir réimse feidhme ar na páirteanna a d'imir baill foirne éagsúla OSFC in **Aguisín 5.2.1**.

I rith na bliana 2006, rinne an Stiúirthóir roinnt coigeartuithe ar na cumhachtaí arna dtarmligeán do bhaill sonraithe foirne faoi alt 13 den Acht um Fhorfheidmiú Dlí Cuideachtaí 2001. Rinneadh ceithre bhall foirne nua a bhí ag obair i bhfoirne agus i réimsí éagsúla san Oifig a tharmligeán ar bhonn foirmeálta chun ceann nó níos mó d'fheidhmeanna dlí an Stiúirthóra a dhiúscairt. Chomh maith leis sin rinneadh trí athrú ar na tarmligin a bhí ann.

Déanann Coiste Bainistíochta na hOifige ionadaíocht ar son na foirne ar fad agus bhí cruinnithe rialta aige i 2006 faoi chathaoirleacht an Stiúirthóra chun déileáil le ceisteanna polasaí agus eagraíochtúla a dhéanfaidh difear d'fhorbairt leanúnach na hOifige.



Beirt bhall foirne an Stiúirthóra réidh le faisnéis a thabhairt ag an Craobhchomórtas Treafa Náisiúnta.

Fo-aidhm 5.3 - Seirbhísí Custaiméara den Scoth a Chur chun Cinn agus Caoi a Choinneáil Orthu

Seirbhísí a Chuirtear ar Fáil

I 2006 gheall an OSFC acmhainní nach beag ar bhonn leanúnach d'fhorbairt agus d'úsáid teicneolaíochta chun eolas a chur ar fáil dá custaiméirí, chun ionchur ó chustaiméirí a fháil agus chun feabhas a chur ar éifeachtacht ó thaobh cleachtais oibre. Ar na seirbhísí a thairgeann an Oifig don phobal agus do lucht gairme tá:

- eolas faoi dhlí cuideachta agus faoi chúrsaí gaolmhara via suíomh idirlín na hOifige, foilseacháin, etc. Sa chomhthéacs seo chláraigh 127 nduine iad féin i 2006 d'fhonn teachtaireacht a fháil ar ais sa chás go gcuirfí eolas nua ar fáil ar an suíomh idirlín;
- cainteanna, seimineáir agus tionscnaimh ghéilliúntais eile arna gcur ar fáil ag foireann na hOifige. Mar a cuireadh in iúl níos luaithe, ghlac an Oifig seastán trádála den chéad uair ag an gCraobhchomórtas Treafa Náisiúnta;
- an áis trínar féidir gearáin a dhéanamh i gcás amhrais faoi mhí-iompar corparáideach;
- seirbhísí reachtaíocht-bhunaithe trína gceanglaítear ar iniúcháirí, leachtaitheoirí agus páirtithe leasmhara tuairisc a chur chuig an Oifig in imthosca áirithe;
- cúnamh ginearálta arna thairgeadh do chliant na hOifige le linn bheith ag déileáil le fiosrúcháin teileafóin, le comhfhreagras, le ríomhphost, etc. Mar shampla tugadh freagra pras ar 379 n-iarratas a cuireadh chuig an gcuntas info@odce.ie i rith na bliana.

Foilseacháin

Ullmhaíodh agus eisíodh ocht gcinn d'fhoilseacháin fhoirmeálta i rith na bliana 2006 mar a cuireadh in iúl in **Aguisín 1.1.1** den Tuarascáil seo. Foilsíodh trí cinn díobh sin sa dá theanga, Gaeilge agus Béarla mar a leanas:

- Tuarascáil Bhliantúil OSFC don bhliain 2005;
- Fógra Eolais D/2006/1: Treoir OSFC faoi Choistí Iniúchta agus
- Fógra Eolais D/2006/2: Treoir Athbhreithnithe faoi Thuairiscíú Iniúcháir don OSFC.

Mar a cuireadh in iúl níos luaithe d'eisigh an Stiúrthóir roinnt preasráiteas freisin, agus scríobh roinnt ball foirne den OSFC páipéir agus rinne láithreoireachtaí do na meáin náisiúnta agus ghairmiúla, do ghrúpaí ón earnáil ghnó agus do ghrúpaí nach iad. Ghlac an fhoireann páirt in agallaimh sna meáin náisiúnta agus áitiúla ar iarratas.

Suíomh Idirlín

Rinneadh uasdátú ar bhonn leanúnach ar shuíomh idirlín an OSFC i 2006 trí eolas faoi obair an OSFC agus faoi fhorbairtí rialachais chorparáidigh a bhain léi a chur ar fáil. Ar na hábhair nua a seoldadh chuig an suíomh idirlín bhí:


- foilseacháin nua de chuid na hOifige mar a luadh thuas;
- cóipeanna de láithreoireachtaí áirithe a rinne an Oifig do ghrúpaí ó na hearnálacha gnó, gairmiúla agus do ghrúpaí leasmhara gaolmhara;
- preasráitis, ailt, etc. a d'eisigh an Stiúrthóir agus baili foirne eile, agus
- na torthaí ar chásanna Cúirte a d'ionchúisigh an Stiúrthóir ina raibh amhras faoi shárú dlí nó dualgas cuideachta agus cinntí eile Cúirte a bhain le dlí cuideachta.

Bhí tarraingt arís eile ar shuíomh idirlín nua na hOifige ag www.odce.ie ag cuairteoirí ar spéis dóibh cúrsaí rialachais chorparáidigh agus a bhfuil a líon ag dul i méid i gcónaí. Tugadh 243,914 chuairt ar an suíomh, ardú de 36% ar na 178,904 chuairt i 2005 (arbh ardú é féin de 53% ar an bhfigiúr de 116,783 i 2004). Taispeánann an chairt thíos líon na gcuirteanna in aghaidh na míosa agus is léir uaithe go raibh an trácht i ngach mí i 2006 thar mar a bhí sa mhí choibhéise i 2005. Ba iad mí Márta agus mí na Nollag na míonna is gnóthaí don suíomh.



An Stiúrthóir agus beirt dá bhall foirne os comhair an phreasa ag seoldadh Páipéar Comhairliúcháin OSFC faoi Rialachas Cuideachtaí Bainistíocht Úinéirí Árasáin.

Cuairteanna ar www.odce.ie i 2005 agus 2006



Íoschóipeáladh eolas ó shuíomh idirlín OSFC 325,435 uaire i 2006 de réir taifid, ardu substainteach (41.5%) ar an bhfigiúr coibhéise de 229,961 i 2005. Bhain na cáipéisí a íoschóipeáladh le 448 ndoiciméad (335 i 2005), rud a léirigh an fás ar mhéid an ábhair ar an suíomh idirlín. Liostáiltear de réir aicme na doiciméid is mó a raibh éileamh orthu i 2006 in **Aguisín 5.3.1**. Cuireann an fás san úsáid in iúl gur mór an tsuim atá sna catagóirí éagsúla doiciméad atá ar an suíomh idirlín.

Lean an obair athchóirithe ar an suíomh idirlín i rith na bliana 2006 agus bhí sí nach mór críochnaithe ag deireadh na bliana. Nuair a lainseáiltear é go luath i 2007, beidh an suíomh idirlín ar an rang is airde maidir le caighdeán áisiúlachta poiblí. Ina theannta sin beidh eolas i nGaeilge ar fáil ar an suíomh de réir mar a bhogann an Oifig i dtreo géilliúntais le ceangail Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tríd an suíomh idirlín nua, arna dhearadh ar mhaithe le héascaíocht na nascleanúna, beidh sé níos éasca teacht ar an eolas rialachais chorpáiridigh atá ar fáil.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF)

Sna hAchtanna SF ní cheadaítear ach taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige amháin a bheith nochtta. I rith na bliana 2006 fuair an OSFC dhá iarratas ar thaifid faoi na hAchtanna. Tharraing an t-iarratasóir iarratas amháin siar, agus deonaíodh an ceann eile taobh amuigh de théarmaí an Achta leis an scéal a éascú d'idir iarratasóir agus an Oifig de bhrí gur measadh an t-eolas arna iarraidh a bheith infhoilsithe.

Achtanna um Chosaint Sonraí

Tá an OSFC cláraithe le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí mar Rialaitheoir Sonraí. Sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 tugtar cosaint in aghaidh nochtadh míchuí eolais ar bith faoi dhuine aonair atá ar coimeád. I 2006 chloí an OSFC leis an gceangal sin ar bhonn seasta trí uasdhátú a dhéanamh ar a clárúchán agus trí fhorálacha diana rúndachta dá cuid féin san Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 a chomhlíonadh. Ní

fuair an Oifig aon iarratas ar eolas faoi na hAchtanna sin i 2006.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Foráiltear faoin Acht um Íoc Pras Cuntas d'íocaíocht úis le soláthraithe a mbíonn a gcuid sonrasc gan bheith íochta ag an dáta forordaithe. I gcomhréir le polasaí na hOifige a shocraíonn go n-íoctar gach sonrasc ar bhealach tráthúil, níor thabhaigh an OSFC aon fhortháille úis ar íocaíochtaí i 2006.

Géilliúntas i leith Caighdeán Seirbhíse Custaiméara Chomhaontaithe

Tá rún daingean glactha ag an OSFC seirbhís chustaiméara den scoth a sholáthar do gach ball pobail a bhíonn ag déileáil léi agus dá foireann féin. Rinne an Oifig athbhreithniú go tráthrialta agus d'fhéach le tuilleadh feabhais a chur ar chaighdeán na seirbhíse arna cur ar fáil. Is cuid den phróiseas seo na Seirbhísí Aiseolais agus Gearáin atá ar fáil ar an suíomh idirlín agus is amhlaidh scéal don athchóiriú atá fós á dhéanamh ar an suíomh. Laistigh de na srianta a ghabhann leis an ualach trom oibre, síleann an Stiúirthóir gur comhlíonadh na Caighdeán Seirbhíse Chustaiméara go sásúil i 2006.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

I rith na bliana, d'ullmhaigh an Oifig a Dhréachtscéim faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla ina léirítear moltaí an OSFC le haghaidh soláthar seirbhíse i nGaeilge agus i mBéarla. Ag deireadh na bliana bhí an Scéim fós faoi bhreithniú laistigh den Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Conclúid

Ag cur san áireamh an rath atá ar obair an OSFC agus deacrachtaí na ndúshlán a bhfuil sí ag tabhairt aghaidh orthu tá an Stiúirthóir den tuairim go bhfuil luach an-mhaith seachadta aici ar infheistíocht an Stáit i 2006.

Conclúid

Mar a cuireadh in iúl sa chuid eile den Tuarascáil seo rinne an OSFC roinnt rudaí tábhachtacha i 2006 chun feabhas a chur ar ghéilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí agus chun feabhas a chur ar chaighdeán rialachais chorparáidigh go ginearálta.

De réir mar atáimid ag bogadh isteach i 2007 is fiú a chuimhneamh go bhfuil an Oifig anois ar an bhfód ar feadh beagáinín níos mó ná cúig bliana. Anois agus an clochmhíle sin fágtha inár ndiaidh againn is mithid dúinn ár marana a dhéanamh ar thorthaí na chéad chúig bliana oibre. Go ginearálta níl ach rudaí dearfacha le rá againn faoi thorthaí gach ceann de réimsí oibre na hOifige mar a chuirtear in iúl san achoimre a leanas faoina bhfuil bainte amach.

Géilliúntas

Eisíodh 40 foilseachán de chuid an OSFC ó 2001 i leith; doiciméid threoracha, páipéir chomhairliúcháin, agus fógraí eolais faoi cheisteanna dlí cuideachta a bhí iontu sin go háirithe. Chuir siadsan páirtithe leasmhara cuideachta ar an eolas ar mhodh áisiúil faoina ndualgas agus faoina n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí. Tá dea-cháil fós ar Leabhair Eolais dár gcuid faoi dhualgais chuideachtaí agus stiúrtóirí cuideachta mar a bhfuil ar a gcoibhéis de Leabhair atá scríofa le haghaidh páirtithe leasmhara eile.

An iarracht a rinneamar ó thaobh foilseacháin tá sé neartaithe ag foireann na hOifige trí chlár láithreoireachtaí tráthrialta, trí airteagail agus obair sna meáin le haghaidh daoine atá gafa le gnó, leis na gairmeacha agus leis na heagrais ábhartha bíodh siad deonach nó baineadh siad leis an earnáil phoiblí.

Brath

